

Pléaráca 2000

FOILSITHE AG PLÉARÁCA TEO. AR ÓCÁID NA FÉILE

£2




CLÁR NA FÉILE • AN ST JUDE • AN BILLE PLEANÁLA • CUAIRT AR ALBAIN

FILÍOCHT • GRIANGHRAFANNA • AN CURACLAM NUA • LAOCHRA SPÓIRT



Cúrsaí Reatha,
Nuacht, Spórt,
Cláracha agus scoth
an Cheoil ó 0630 go
dtí 2300 gach lá den
bhliain FM 92-94
agus FM 102.7 ar
fud na tíre.



Eagarthóir na hIrise: Peigí Ní Chonghaile

Buíochas:

Tá an t-eagarthóir buíoch do na daoine seo a thug cúnaimh leis an ábhar a bhailiú agus a réiteach chomh maith le píosaí a scríobh don iris: Meta Uí Mháille, Donnacha Ó hÉallaithe, Mairéad Ní Chualáin, Ruaidhrí Ó Tuairisg, Seosamh Mac Donnacha, Séamus Ó Cualáin, Gearóid Ó Murchú, Máire Áine Uí Neachtain, Nuala Ní Chonghaile, do na filí Joe Steve Ó Neachtain, Cathal Ó Searcaigh agus Jackie Mac Donnacha, do sribhneoirí óga Chiorcal agus Majella Ní Chríocháin, do Chaitríona Ní Chonaola agus Caoimhín Ó Maicín.

Buíochas do Dheirdre Ní Chosgartha, Cumas as ucht a tacaíocht.

Buíochas do Bhríd Uí Fhiannachta a bhailigh na fógraí agus do gach duine a thug grianghrafanna ar iasacht – Eilís Ní Mhaoláin, Seán Ó Flaithearta, Gearóid Ó Murchú, Éamon de Buitléar, Mike Shaughnessy agus go háirithe Bob Quinn a chuir grianghrafanna ar fáil ó bhlianta eile na féile.

Do Chaomhán Ó Scoil a rinne an leagan amach slachtmhar ar an iris.
Do Europus a rinne an phrofáil.
Do fhoireann Chlóidóirí Lurgan agus Micheál Ó Braonáin.

Sé an t-eagarthóir atá freagrach as aon bhotún. Ní gá gur ionann tuairimí atá nochtaithe anseo agus tuairimí Phléaráca Teo.

Táimid fíor bhuíoch do na fógróirí uile. Is fiú tacaíocht a thabhairt dóibh.

Stiúrthóir na Féile: Turlough O Connor

Coiste Oibre na Féile:
Máire Ní Chualáin –
Cathaoirleach na Féile
Meta Uí Mháille

Majella Ní Chríocháin
Mairéad Ní Chualáin
Patricia Ní Chonghaile
Réamonn Ó Mainnín
Michael Barrett
Seán Ó Cualáin
Petie Ó Máille
Sarah Ghriallais
Gearóid Ó Murchú
Seán Ó Tuairisg
Máire Uí Chonaola
Mali Ní Dhómhnaill
Seán Ó Maidín
Peigí Ní Chonghaile
Tommy Cevan Ó Naidh
Seán Ó Flaithearta

Scéim Fostaíochta an Phléaráca:

Gabrielle Ní Mháille – Saoiste
Eilís Ní Mhaoláin
Bridgie Uí Fhiannachta
Seán Leainde
Bridie Ní Chonaire
Nóirín Uí Laoi
Fionnuala Mierke
Sailí Uí Chualáin
Siobhán Ní Mhuirí
Barra Ó Coillte
Eileen Bairéad
Anna Uí Mhainnín

Tá Coiste Oibre na Féile buíoch do na daoine seo leanas a thug cúnaimh agus tacaíocht:

Foireann Seanscoil Shailearna
Gwen Uí Ghaora
Diarmuid de Faoite
Tommy Cevan Ó Naidh
Gabriel Rosenstock
An Gúm
Bernie, Pádraig agus Diarmad in Áis
Cló Iar Chonnacht
Ciarán Mangan – Tionscnamh Náisiúnta Leitheidheachta
Deirdre Davitt – An Foras Teangan
Sorca Nic Dhonnacha –
Údarás na Gaeltachta
Pádraig Ó hAoláin – Údarás na Gaeltachta
Máirtín Tom Sheáinín – Rna G
Tomás Mac an Iomaire – Rna G
Máirtín Mac Donnacha – Rna G
Seosamh Ó Braonáin – Rna G.
Pádraig Ó Ráinne – TG4
Tom Sailí Ó Flatharta
Michael Mullen
Coiste Fhéile Báid Chill Chiaráin
Trevor agus Mali – Gailearaí

Chonamara
Antaine Ó Faracháin
Mick Wilkins
Tom Kenny
Pádraic Ó hOibicín
Johnny Connolly
Bobby Gardiner
Máimín Cajun Band
Ceoltóirí agus criú an Fhámaire
Coiste Áirneán Scoil na hAirde
Colm Ó Cinnseala
Cathal Ó Searcaigh
Joe Steve Ó Neachtain
Jackie Mac Donnacha
Luisne agus Aisling Ní Neachtain
Gasúir Bunscoile S.N. an Chnoic
Gasúir Bunscoile S. N. Shailearna
Na bunscoileanna ar fad a ghlac páirt i dTaispeántas Chlann Lir.
Kila
Na High Nellies
Seán Keane
Sibéal Ní Mháille
Máirtín Ó Niadh agus Peadar Ó Tuathail as ucht a dtacaíocht.
Cóilín Ó hIarnáin
Petie Ó Máille
Na Foirne Curachaí agus Báid Seoil
Seosamh Ó Cuaig
Máirín Ní Choistealbha
Gearóid Ó Tuathaigh
Coiste Lá Spórt Chamuis
Áras MhacDara ar an gCeathrú Rua
Lucht déanta na gclár – “Tús Maith Leath na hOibre”, “Níl siad Ceart ná Sibhialta”,
An Spailpín Fánach
Colm Ó Mealóid
Na Moltóirí
Na Tithe Ósta a thug urraíocht agus ar heagraíodh imeachtaí iontu

Buíochas do Bhríd agus Máirín i bhFoinse, Lá, Jeff O'Connell sa Galway Advertiser, Ian in Arts West, Sabrina sa gCuradh Connachtach, Colm Ó Tórna i Saol, Liam Stenson i Glór Chonamara, Galway Listings, Galway Bay FM, Clodagh i Cúla4 i TG4, Mary agus Bríd i Mílaois na Gaeltachta.

Buíochas speisialta do fhoireann Raidió na Gaeltachta.

Clár na hIrise

- 2 Eagarthocal
- 4 An Bille Pleanála
- 7 Súil Siar
- 8 Leatrom ar Pháistí na Gaeltachta sa gCórás Oideachais
- 11 Céilidh san Iar Thuath
- 16 An St Jude
- 20 Beirt Bhan Mhisniúil
- 22 Caoimhín Ó Maicín
- 23 Gradam an Phléaráca
- 24 Clár na Féile
- 31 Damhsa Comhaimseartha
- 32 Clár Oibre Phléaráca Teo.
- 33 Siompósiam: 31 bliain théis Cearta Sibhialta na Gaeltachta
- 33 An Gabha Óg
- 34 Máire Choilm agus Mise
- 37 Ceol Pobail
- 39 Com Liam Mhic Chárthaigh
- 40 Na Filí
- 42 Súil Siar
- 44 Grianghrafanna le Bob Quinn
- 46 Ciorcal

URRAITHE NA FÉILE

Údarás na Gaeltachta, Comhairle Contae na Gaillimhe, Áras na Scribhneoirí, An Foras Teangan, Guinness, Cumas, Coiste Na Mílaoise, Leabharlann na Gaillimhe, Bord na Leabhar Gaeilge, An Tionscnamh Náisiúnta Léitheoireachta.

Pictiúr clúdaigh: Saileog Ní Chualáin agus Katie Nic Dhonncha ag an Seol Mór i gCill Chiaráin 1999.

pic: Eilís Ní Mhaoláin

Eagarfhocal

Eagraíodh Pléaráca Chonamara don chéad uair i 1991. Ní raibh i gceist ag an am ach an fhéile amháin sin a eagrú, mar fhreagra ar 'Tuarascáil' a réitigh Breandán Ó hEithir do Bhord na Gaeilge ar "Stáid Láithreach na Gaeilge". Caint éadóchasach is mó a bhí sa 'tuarascáil', a scríobhadh i bPáras go gairid sara bhfuair Breandán Ó hEithir bás. Ba mhór an chomaoín a chuir an tÁrannach orainn i gConamara, mar gur ghríos an méid a scríobhadh i dTuarascáil Uí Eithir faoin nGaeltacht, na heagraíochtaí pobail i nGaeltacht Chonamara, a theacht le chéile leis an mbréag a thabhairt don méid a cuireadh i leith phobal na Gaeltachta sa tuarascáil. Ba é Pádraig Ó Cosgordha as Carna a mhol féile mhór phobail a eagrú, le imeachtaí ar bun 'ó Bhearna go Carna' lena léiriú don saol mór go raibh Gaeltacht Chonamara beo beathaíoch agus an pobal sásta an saibhreas cultúir agus teanga a cheiliúradh.

Féile deireadh seachtaine a bhí i gceist i dtosach ach de réir mar a bhí smaointe ag teacht isteach faoi imeachtaí éagsúla, bhí ar an gcoiste eagraithe clár na féile a leathnú thar 10 lá. Ba é an file agus an drámadóir Johnny Chóil Mhaidhc a d'oscail an chéad fhéile i gCamus an Aoine 6 Meán Fómhair 1991. D'éirigh chomh maith leis an gcéad cheann gur socraíodh féile bhliantúil a dhéanamh di.

Tá an deichiú fhéile ar bun i mbliana agus seo é an deichiú eagrán den iris Pléaráca. Níor mhiste súil a chaitheamh siar ar chuid den méid a scríobhadh sa chéad eagarfhocal uainn, sa chéad eagrán den iris i 1991, inar leagadh amach intinn Phléaráca Chonamara maidir leis an nGaeilge sa pobal.

"B'uafásach an chailliúint dhúinn an Ghaeilge, mar ghnáth-theanga cumarsáide i nDeisceart Chonamara. Táimid in ann muid féin a chur in iúl i measc ár muintire féin níos éasca agus níos deisbhéalaigh sa teanga sin. Táimid níos láidre mar phobal, bíodh muid sa mbaile nó ag saothrú ár



Johnny Chóil Mhaidhc Ó Coisdealbha agus Diarmuid Mac an Adhastair

pic: Bob Quinn

mbeatha thar lear. Tá muid níos cinnte cé muid féin agus tá cúis bróid againn go bhfuil ár dteanga áitiúil féin againn. Tá saibhreas cultúir i gConamara fite fuaite leis an teanga áitiúil, saibhreas nach bhfuil le fáil i mórán áiteacha eile san tír, ná go deimhin san Eoraip."

"Pobal dhátheangach atá i nDeisceart Chonamara. Tá teanga amháin againn, an Ghaeilge, le husáid eadrainn féin, bíodh muid sa mbaile nó i gcéin. Tá teanga eile ar ár dtoil againn le n-úsáid leis an saol taobh amuigh. . . . Mar phobal dhátheangach tá riachtanais speisialta againn. . . . Níl pobal Dheisceart Chonamara ag iarraidh an Ghaeilge a athbheochan go náisiúnta ach táimid ag iarraidh an teanga áitiúil a fuaireamar mar oidhreacht bheo, a thabhairt don chéad ghlúin eile, leis an saol a dhéanamh níos spéisiúla, níos saibhre agus níos rathúla dóibh."

Tá méid áirithe bainte amach ó shin ag an bhféile bhliantúil seo agus ag an Scéim Ealaíon Pobail a d'eascair aisti. Ach tá taoille na Gaeilge ag

trá i gcónaí agus dá dhonacht a bhí cás na Gaeilge 10 mbliana ó shin, tá an cás níos measa anois. Chuile áit timpeall orainn, tá an cath á chailliúint. Níos mó tuismitheoirí ná riamh i gConamara, ag ceilt na Gaeilge breá a fuaireadar féin ón gcliabhán ar a glann féin, tá a glann siúd ansin ag imirt tionchar ar ghasúir a labhrann Gaeilge agus á gcasadh ar an mBéarla agus iad ag spraoi. Scoileanna ag tabhairt isteach don bhrú Béarla de bharr easpa ábhar, téacsanna agus tacaíochta. I ngnó i ndiaidh gnó tá an teanga oibre ag athrú ó Ghaeilge go Béarla. Níl aon mhaith é a shéanadh. Sin atá ag tarlú i nGaeltacht Chonamara le deich mbliana anuas agus má leanann an creimeadh teanga i bhfad eile, ní bheidh mórán de bheochultúr na Gaeltachta seo le ceiliúradh againn i gceann deich mbliana eile. Is ag caomhnú iarsmaí a bheas muid.

Deich mbliana ó shin, cheapamar go ndéanfadh seirbhís teilifíse trí Ghaeilge leas mór. B'fhéidir go bhfuil sé róluath, tionchar na teilifíse a mheas fós,

ó thaobh an Ghaeilge a bhuanú sa Ghaeltacht mar theanga phobail. Is cinnte gur mór an chabhair na cláracha breátha do pháistí i nGaeilge ach ní mhór an cheist a chur cén fáth cláracha do pháistí óga i mBéarla á gcráladh ar an stáisiún i measc na gcláracha Gaeilge? Agus cén fáth TG4 ag coimisiúnú sraitheanna siamsaíochta, cosúil le Ceoltíre, nach mbíonn oiread is amhrán amháin i nGaeilge le cloisteáil orthu?

Tá sé in am ag Údarás na Gaeltachta aghaidh a thabhairt ar ghéarchéim na teangan. Déanadh go leor plé ar seo le linn an fheachtas thoghchánaíochta deiridh agus tá sé in am anois ag an mBord a toghadh ag an am polasaí láidir a fhoilsiú bunaithe ar na geallúintí a tugadh maidir le caomhnú na teangan agus cur chun cinn na gceantar imeallach, ar iontu is láidre atá an Ghaeilge fós.

Tá dóchas áirithe againn as Coimisiún na Gaeltachta, atá bunaithe ag an Rialtas. Táthar ag súil le tuarascáil réadúil le moltaí fiúntacha ann. Ach ní chuirfidh an státchóras na moltaí i bhfeidhim mura mbeidh eagraíocht ann ag déanamh cinnte de, lá i ndiaidh lae go gcuirfear. Eagraíocht bheag éifeachtach neamhspléach a theastódh ar nós an Áisínteacht Chomhionannais, a mbeadh sé mar aidhm aici súil ghéar a choinneáil ar eagraíochtaí stáit agus eile, Údarás na Gaeltachta san áireamh agus féachaint chuige go mbrúfar chun cinn na moltaí is rábhachtaí ó Choimisiún na Gaeltachta. Ní fiú an tuarascáil mura gcuirtear innealra ar bun le go leanfar le obair an Choimisiúin i ndiaidh fhoilsiú na tuarascála.

I 1978, san *Irish Times*, seo mar a chuir Breandán Ó hEithir síos ar na staideanna éagsúla a dtéann ceantar Gaeltachta thríd agus an teanga ag saothrú an bháis: 'Tosnaíonn tú le cruinneagáin paróistí. Ina dhiaidh sin bíonn tú taobh le paráiste nó le leathpharáiste. Go gairid ina dhiaidh sin taobh le tithe a bhíonn tú. "Tá Gaeilge á labhairt sa teach úd agus sa teach úd eile ar mhullach an chnoic úd thall. Béarla ar fad sna tithe idir eatorra." Faoi cheann beagán blianta tugtar an cainteoir dúchais deiridh os do chomhair. "Bhí triúr againn ann go dtí le gairid ach an cuimhneach leat an drochráig fliú ús sa Márta. . . ." Tá fhios agat ansin nach bhfuil idir tú agus an tost deireannach ach ráig eile fliú.'

An Bille Pleanála agus An Ghaeltacht

Seosamh Mac Donnacha

An Bille Teanga

Nuair a tháinig an Rialtas seo i gcumhacht i 1997, ba é an tAcht Teanga a ndéantar tagairt indíreach dó i gclár an Rialtais an píosa reachtaíochta is mó a tharraing aird phobal na Gaeltachta agus phobal na Gaeilge ar fud na tíre. Le déanaí, thuairisc an tAire Stáit sa Roinn Ealaíon, Oidhreacht, Gaeltachta agus Oileán, Éamonn Ó Cuív T.D., go bhfuil dul chun cinn déanta leis an mbille seo nuair a chinn an Rialtas dul ar aghaidh agus ceannteidil an bhille a ullmhú. Is deacair a rá ag an bpointe seo agus cúrsaí polaitiúla chomh corrach agus atá, an éireoidh leis an Aire an bille seo a fhoilsiú agus é a chur tríd an Dáil agus tríd an Seanad roimh an chéad toghchán eile. Is cinnte nach mbeidh sé sin déanta aige má bhíonn toghchán ann in Earrach na bliana seo chugainn, mar atá go leor daoine ag tuar. Fágfaidh sé sin go mbeidh díomá nach beag ar go leor daoine a cheap go mbeadh Acht Teanga agus Oifig Coimisinéara Teanga againn sula n-imeodh an Rialtas seo as oifig. Ní shin le rá, ar ndóigh, gurb ionann deireadh ré an Rialtais seo agus

deireadh leis an Acht Teanga. Níl cúis ar bith ann nach dtabharfaidh an chéad Rialtas eile an réamhobair atá déanta ag an Aire Ó Cuív ar an mBille Teanga chun críche.

Braithfidh sé sin cuid mhaith ar an éileamh a bheidh ag teacht ó phobal na Gaeltachta agus ó phobal na Gaeilge agus ar an mbrú a chuirfear ar na páirtithe polaitiúla le linn an fheachtais toghchánaíochta atá le teacht.

Clár Reachtaíochta an Rialtais

Cé go mb'fhéidir nach iad an Rialtas seo a thabharfaidh feidhm d'Acht Teanga i ndeireadh an lae, ní ionann sin agus a rá go bhfuil neamhaird iomlán déanta acu ar chúrsaí Gaeltachta agus Gaeilge i gcúrsaí reachtaíochta. Go deimhin, is dóigh go bhfuil sé fíor a rá gur mó soláthar a rinneadh do chúrsaí Gaeltachta agus Gaeilge i gcúrsaí reachtaíochta le linn shaolré an Rialtais seo ná mar a rinneadh sa seachtó bliain roimhe. Bhí an tAire Stáit Ó Cuív freagrach as Acht Leasuithe Údarás na Gaeltachta a rinne athruithe suntasacha ar chomhdhéanamh agus ar fheidhmiú an Údaráis. Bhí sé freagrach, freisin,

as an reachtaíocht a bhunaigh Foras na Gaeilge. Thug Mícheál Ó Máirtín T.D., agus é ina Aire Oideachais, isteach Acht Oideachais ina bhfuil forálacha a dhéanann soláthar ar leith d'oideachas Gaeltachta agus LánGhaeilge. Níl feidhm tugtha do na forálacha seo go fóill, ach, nuair a bheidh tá an cumas acu tionchar mór a imirt ar chúrsaí oideachas Gaeltachta sa mheántréimhse, ach múinteoirí agus tuismitheoirí a bheith sásta páirtíocht iomlán a ghlacadh sa bpróiseas. Tá Bille Craolacháin foilsithe ag an Rialtas seo, freisin, ina bhfuil soláthar chun neamhspleáchas reachtuil a bhronnadh ar TG4 agus ina bhfuil tagairtí sonracha eile i dtaobh na Gaeilge.

An Bille um Pleanáil agus Forbairt

Díreach sular scoir an Dáil do shaoire an tSamhraidh, críochnaíodh plé ar phíosa reachtaíochta eile ina bhfuil tagairtí sonracha don Ghaeltacht. Sin é an Bille um Pleanáil agus Forbairt a d'fhéadfadh tionchar nach beag a imirt ar chúrsaí pleanála sna Gaeltachtaí le himeacht ama.

Foilsíodh an Bille seo ag am cinniúnach; tar éis conspóide i

bhFionn Trá agus i nGaith Dobhair faoi chúrsaí pleanála Gaeltachta, ag am a bhfuil conspóid ar an gCeathrú Rua agus i Rinn Ó gCuanach faoin ábhar céanna, agus ag am a bhfuil ceisteanna á dtarraingt anuas ag an bpobal faoi dheacrachtaí pleanála agus tithíochta sna Gaeltachtaí agus dearcadh na gComhairlí Contae ina leith. Ní miste mar sin go bhfuil an bille seo ann, go háirithe, ó tharla gurb é seo an chéad uair a ndéantar tagairt shonrach don Ghaeltacht i reachtaíocht phleanála na tíre.

An Bord Pleanála

Tá forálacha sa mBille a fhágann go bhféadfadh ionadaíocht ó eagraíochtaí Gaeltachta agus Gaeilge a bheith ainmnithe ar an mBord Pleanála agus gur gá don Bhord dóthain foirne le Gaeilge a cheapadh lena chinntiú go mbeidh ar a gcumas seirbhís a thairiscint don phobal trí Bhéarla agus trí Ghaeilge. Ina theannta sin, faoi fhorálacha an bhille seo, má bhaineann éisteacht phoiblí atá á réachtáil ag an mBord Pleanála le forbairt ar láistigh den Ghaeltacht caithfear an éisteacht sin a réachtáil trí Ghaeilge, ach amháin sa gcás go n-aontaíonn na daoine atá páirteach ann é a réachtáil trí Bhéarla.

Pleananna Forbartha

Tá sé ráite go sonrach sa mBille nua go mbeidh ar gach comhairle contae a bhfuil ceantar Gaeltachta faoina cúram é a bheith mar chuspóir aici ina plean forbartha, cosaint a thabhairt d'oidhreacht teanga agus



Éamonn Ó Cuív T.D., an tAire Stáit sa Roinn Ealaíon, Oidhreacht, Gaeltachta agus Oileán

cultúrtha na Gaeltachta agus an Ghaeilge a chur chun cinn mar theanga an phobail. Chomh maith leis an bPlean Forbartha contae féadfaidh comhairle contae a bhfuil ceantar Gaeltachta faoina cúram Plean Áitiúil a dhéanamh amach don cheantar Gaeltachta sin. Agus é seo á dhéanamh caithfidh siad dul i gcomhairle le hÚdarás na Gaeltachta. Seo é an chéad uair gur tugadh ról reachtuil don Údarás sa bpróiseas pleanála. Seans gur i nGaeltacht Chonamara is tuisce a fheicfidh muid na hathruithe seo ag teacht i bhfeidhm ó tharla go bhfuil tús le cur leis an athbhreithniú ar Phlean Forbartha Chomhairle Contae na Gaillimhe i mbliana agus gurb í an Comhairleoir Contae Gaeltachta agus ball tofa d'Údarás na Gaeltachta, an Comhairleoir Connie Ní Fhátharta atá ina Cathaoirleach ar an gComhairle faoi láthair.

An Próiseas Pleanála

Ó tharla go gcuireann an bille nua bonn reachtuil faoi chosaint na Gaeilge sa nGaeltacht beidh sé de chumhacht ag comhairlí contae Gaeltachta coinníollacha a chur le cead pleanála a thugann cosaint d'oidhreacht teanga agus cultúrtha na Gaeltachta, nó an t-iaratas a dhiúltú más gá. Ina theannta sin, tá sé intuigthe ón mbille seo go mbeidh an tAire Comhshaoil, tar éis dul i gcomhairle leis an Aire Ealaíon, Oidhreacht, Gaeltachta agus Oileán, ag eisiúint Rialacháin Phleanála a dhéanfaidh soiléiriú ar an gcineál forbartha a bhféadfadh impleachtaí a bheith aige do chúrsaí teanga sna Gaeltachtaí agus ar an gcineál eolais a bheidh á lorg ag na hÚdaráis Phleanála i dtaca le hiarratais phleanála i leith tograí den chineál sin.

Pleanáil sa nGaeltacht

Fágann sé seo ar fad go bhfuil bonn láidir reachtuil faoi chúrsaí pleanála sa nGaeltacht den chéad uair riamh. Is ceist eile, ar ndóigh, an tionchar a bheidh aige seo; braithfidh sé go mór ar an mbealach a gcuirfear i bhfeidhm é. Ceann de na buncheist-eanna a chaithfear a chur: an bhfuil dóthain saineolais ar chúrsaí teanga, ar chúrsaí Gaeltachta agus ar fhorbairt tuaithe ag na daoine atá ag plé le cúrsaí pleanála sna Comhairlí Contae. Tá ceantar mór Gaeltachta faoi chúram Chomhairle Contae na Gaillimhe, agus in ainneoin sin níl

Sleachta as An Bille um Pleanáil agus Forbairt, 1999 (Níl leagan Gaeilge ar fáil go fóill)

Alt 10(2)

...a development plan shall include objectives for-

(d) the integration of the planning and sustainable development of the area with the social, community and cultural requirements of the area and its population;

(m) the protection of the linguistic and cultural heritage of the Gaeltacht including the promotion of Irish as the community language, where there is a Gaeltacht area in the area of the development plan.

Alt 19 (1)

(a) A local area plan may be prepared in respect of any area, including a Gaeltacht area, or an existing suburb of an urban area, which the planning authority considers suitable and, in particular, for those areas which require

economic, physical and social renewal and for areas likely to be subject to large scale development within the lifetime of the plan.

Alt 20 (2)

A planning authority shall consult Údarás na Gaeltachta before making, amending or revoking a local area plan SS for an area which includes a Gaeltacht area. Alt 135 (8)

(b) Where an oral hearing relates to development

within the Gaeltacht, the hearing shall be conducted through the medium of the Irish language, unless the parties to the appeal or referral to which the hearing relates agree that the hearing should be conducted in English.

Sceideal a Ceathair

Reasons for the Refusal of Permission which Exclude Compensation

14. The proposed development would adversely affect the linguistic or cultural heritage of the Gaeltacht.

Sceideal a Cúig

Conditions which may be Imposed, on the Granting of Permission to Develop Land, without Compensation

(8) Any provision relating to the protection of the linguistic or cultural heritage of the Gaeltacht

oiread agus duine amháin fostaithe acu sa réimse pleanála a bhfuil cáilíochtaí teangeolaíochta ná pleanála teanga aige/aici. Le déanaí, fostaíodh comhlacht comhairleoirí le plean a ullmhú do cheantar na Ceathrún Rua. Ní raibh aon Ghaeilge ag na comhairleoirí seo le dul i gcomhairle leis an bpobal agus níor léir ach oiread go raibh aon saineolas ná aon tuiscint acu ar chúinsí teanga na Gaeltachta. Bunaithe air seo agus ar a dtáithí ag lorg seirbhísí trí Ghaeilge ón gComhairle Contae seans gur beag muinín atá fágtha ag pobal Chonamara go mbeidh an tsamhlaíocht ná an díogras ag an gComhairle chéanna le polasaí pleanála agus tithíochta a fhorbairt a bheadh in oiriúint do chúinsí teangeolaíochta, sóisialta agus tuaithe na Gaeltachta.

Fágann sé seo freagracht mhór ar chomhairleoirí contae Gaeltachta agus ar eagraíochtaí pobail sa nGaeltacht a bhfuil spéis acu sna cúrsaí seo. Mura bhfuil an saineolas ag na pleanálaithe gairmiúla le polasaí pleanála agus tithíochta a cheapadh atá in oiriúint don Ghaeltacht caithfidh siadsan, agus iad ag feidhmiú thar ceann an phobail, na smaointe agus na coincheapa atá de dhíth a fhorbairt. B'fhéidir nach drochrud é seo, má chothaíonn sé díospóireacht phoiblí le cruinnithe poiblí agus plé sna meáin chumarsáide.

Tabharfaidh sé seo deis don phobal a bheith páirteach sa bplé agus na tuairimí atá á gcur chun cinn

a chloisteáil agus a thuiscint. Má tharlaíonn sé seo tá i bhfad níos mó seans ann go mbeidh freastal níos fearr á dhéanamh ag na polasaithe agus ag na pleananna forbartha a chuirfear chun cinn ar riachtanais an phobail agus go mbeidh glacadh níos fearr ag an bpobal leo.

Is rud maith a bheas ann, freisin, má chríochnaíonn an próiseas le polasaithe agus pleananna forbartha atá 'Gaeltacht lárnaíthe' agus nach mbeifear ag brath a thuilleadh ar pholasaithe agus ar choincheapa pleanála a ceapadh in oiriúint do phobail agus do chúinsí sóisialta agus teanga eile.

Ceist eile go gcaithfear breathnú air is ea an chaoi a ndéanfar bainistiú ar na plóda daoine atá ag iarraidh cónaí nó tithe saoire a thógáil i gceantair Ghaeltachta de bharr go bhfuil siad i gcóngar bailte ar nós Cathair na Gaillimhe nó de bharr tréithe agus áilleacht na háite. Tá an cineál seo forbartha tar éis tionchar nach beag a imirt ar phobail Ghaeltachta cheana féin. I gcuid mhaith den cheantar Gaeltachta atá idir Chathair na Gaillimhe agus An Spidéal, mar shampla, tá pobal dúchasach na háite; pobal Gaeilge na háite, anois ina mionlach, agus tá a rian sin le feiceáil ar stádas na Gaeilge mar theanga teaghlaigh agus pobail sa gceantar. Tá an plódú seo ag cur go mór leis an éileamh ar thithe agus ar shuímh tithe sa nGaeltacht, freisin, rud a fhágann nach acmhainn a thuilleadh do chuid mhaith de phobal na háite a

dtithe féin a cheannach ná a thógáil.

Is gá breathnú, freisin, ar pholasaithe tithíochta na gcomhairlí contae. Is cinnte go bhfuil gearghá le breis tithe a thógáil le freastal ar an éileamh atá ann do thithíocht phoiblí. Is cinnte, freisin, go mbaineann buntáistí riaracháin agus eile leis na tithe sin a thógáil i gcóngaireacht sráidbhailte ar nós na Ceathrún Rua agus an Spidéil. Ach an leor an néatacht riaracháin seo mar chúiteamh ar na himpleachtaí a bheidh ag forbairtí den chineál seo do sheirbhísí ar nós scoileanna agus oifigí poist sna ceantair thuaithe máguaird agus do mhianta na ndaoine sin a mb'fhearr leo teach a thógáil ar a ngabháltas féin nó ar ghabháltas a ndaoine muinteartha.

Níl freagraí éasca ar na fadhbanna seo ná ar go leor fadhbanna eile a bhaineann le cúrsaí pleanála agus tithíochta sna Gaeltachtaí. Ach le himeacht ama agus na húdaráis phleanála a bheith sásta dul i gcomhairle leis an bpobal agus mianta agus riachtanais an phobail a bheith lárnach dá gcuid cuspóirí pleanála, gheobhfar réiteach orthu a chuirfidh feabhas mór ar an scéal seachas mar atá sé faoi láthair. Beidh an Bille Pleanála nua ina chabhair don phróiseas sin má chuireann Comhairleoirí Contae agus eagraíochtaí pobail na Gaeltachta le chéile lena chinntiú go mbeidh na coincheapa pleanála agus na pleananna forbartha a chuirfear chun cinn faoin reachtaíocht nua 'Gaeltacht lárnaíthe.'

súil siar



Ag Rásaí Chill Chiaráin roinnt blianta ó shin.



Áine Uí Mháille as Doire Iorrais i Sasana sna daicheadaí



AER ÁRANN AERFORT CHONAMARA

Eitiltí Laethúla go dtí Oileáin Árann

Oifig Eolais: Aer Árann
Aerfort Chonamara, Caisleán, Indreabhán
Facs: 091-593034 & 593054



Ionad Gaeilge Ollscoil na hÉireann, Gaillimh

An Cheathrú Rua, Co. na Gaillimhe
Fón: 091-595101

Ranganna Gaeilge do dhaoine fásta
ó Bhearna go Carna

Cúnamh i labhairt na Gaeilge do dhaoine fásta
(Galltacht agus Gaeltacht)

Pacáiste féin teagaisc i bhfoghlaim na Gaeilge

Ranganna Ríomhaireachta trí Ghaeilge

Seirbhís Rúnaíochta/Aistriúcháin/Facs

Óst na nOileán — TIGH LEE —

Leitir Mealláin 551161

Óst & Bialann
Ceol gach deireadh seachtaine

Go n-éirí leis an bPléaráca

Nioclás P. Ó Conchúir

LEITIR MÓIR

Teil: 551114 (obair); 551102 (baile)

SIOPA CRUA EARRAÍ

*Pluiméireacht • Adhmad
Earraí Leictreach • Péint*

Tigh Hughes — AN SPIDÉAL —

*Le haghaidh neart óil,
ceoil agus craic*

Teil: 091-553447

Leatrom ar Pháistí na Gaeltachta sa gCóras Oideachais

Cuireadh an fháilte roimh an gcuraclam nua a tháinig i bhfeidhm i mbunscoileanna na tíre seo sna seachtóidí. Ba céim mhór ar aghaidh i gcursáil oideachais a bhí sa gcuraclam seo. Ó shoin i leith, glactar leis an bprionsabal a bhain leis — go bhfuil sé tabhachtach forbairt iomlán a dhéanamh ar an bpáiste i.e. forbairt fhisiciúil, mhothúcháin, intleachta agus spioradálta chun go mbeidh sé/sí in ann sásamh iomlán a bhaint as an saol mar dhuine fásta. Chuige seo, tá réimse leathan ábhair dhá mhúineadh sna bunscoileanna agus an bhéim ar fhorbairt an pháiste aonraigh.

I 1987, chuir an Roinn Oideachais Comhairle Athbheithnithe don Churacclam Bunscoile ar bun. Rinne an Chomhairle seo léirmheas ar an gcuraclam agus foilsíodh tuarascáil i 1990. Mar thoradh ar na moltaí a bhí sa tuarascáil seo, foilsíodh curaclam leasaithe i 1999. Tá 23 lámhleabhar sa gcuraclam leasaithe seo chun na réimsí ábhair ar fad a chlúdach. Tá sé i gceist na leasuithe a chur i bhfeidhm, de réir a cheile, ag díriú isteach ar ábhar amháin in aghaidh na bliana.

Socraíodh an curaclam leasaithe Béarla a chur i bhfeidhm sa nGalltacht sa scoilbhliain seo romhainn 2000-2001 agus an curaclam leasaithe Gaeilge a chur i bhfeidhm sa nGaeltacht.

D'eagraigh an Roinn Oideachais roinnt laethanta inseirbhíse do mhúinteoirí an bhliain seo caite chun staidéar a dhéanamh ar na treoirilínte agus díospóireacht a chothú faoi na moltaí atá sa lámhleabhar. Nuair a tháinig grúpa múinteoirí Cheantar na nOileán le chéile ag na laethanta inseirbhíse anuraidh, rinne muid scagadh ar threoirilínte don churaclam leasaithe Gaeilge. Ní mó ná sásta a bhí muid le gach a léigh muid. Is fiú go mór na treoirilínte don churaclam Béarla agus na cinn don churaclam Gaeilge a chur i

gcomparáid lena chéile.

Ins an réamhrá don churaclam Gaeilge, deirtear go bhfuil an curaclam bunaithe ar chur chuige cumarsáideach agus gurb iad móraidhmeanna an chur chuige seo ná go mbeadh an páiste in ann úsáid a bhaint as an teanga chun cuspóirí cumarsáide a bhaint amach agus go mbeadh deiseanna aige/aici an Ghaeilge atá á foghlaim a úsáid, go rialta, i ngnáthchaint an lae.

Tá an lámhleabhar roinnte i ndá chuid — tá na moltaí i gCuid 1 ag plé leis na scoileanna Galltachta agus baineann Cuid 2 leis na scoileanna Gaeltachta agus LánGhaelacha.

Tá na scoileanna Galltachta aitheanta mar scoileanna T2, sin ag foghlaim na Gaeilge mar an dara teanga, agus aithnítear scoileanna na Gaeltachta mar T1, sin gurb í an Ghaeilge an mháthair theanga. Cuirear an-bhéim ar chomhrá agus ar fhorbairt líofacht chainte i scoileanna T2 agus tá sé ráite go soiléir nár cheart aon léitheoireacht fhoirmeálta Ghaeilge a dhéanamh sna scoileanna seo go dtí rang a dó. Lufonn an moladh seo le réasún. Ansin ins an réamhrá don churaclam Béarla, tá sé ráite go soiléir maidir leis an tábhacht a bhaineann leis an teanga i bhforbairt iomlán an pháiste. *"English is not just concerned with language learning but also with learning through language. In the process of acquiring language skills and in developing the ability to use language, other crucial elements of the child's personality and potential are cultivated."*

"The ability to read effectively is an essential requirement if the child is to benefit fully from the educational process, to develop his/her potential and to participate appropriately as a citizen in society. This is a crucial element in the child's language learning." Níl aon aitheantas tugtha do scoileanna na Gaeltachta mar scoileanna T2 sa

lámhleabhar seo. Cén fáth nach bhfuil sé aitheanta go bhfuil páistí na Gaeltachta ag foghlaim Béarla sna bunranganna agus nár cheart dóibh léitheoireacht fhoirmeálta Béarla a thosnú go dtí Rang a 2? Is é an t-aon mholadh atá déanta ná gan tosnú ar léitheoireacht fhoirmeálta sa dá theanga ag an am céanna i scoileanna Gaeltachta agus Lán-Ghaelacha.

Ní dóigh liom go bhfuil sé scríofa in aon áit sa lámhleabhar Gaeilge go bhfuil forbairt iomlán an pháiste Gaeltachta arbh í an Ghaeilge a theanga dhúchais tábhachtach — is é sin forbairt a chuid mothúcháin, samhlaíochta agus intleachta. Má tá sé aitheanta sa leabhar Béarla — *"Developing cognitive abilities through language and emotional and imaginative development through language contribute to more general aspects of the child's development"* — cén fáth nach bhfuil an scéal amhlaidh don pháiste Gaeltachta. Tá an-bhéim curtha ar fhoghlaim na Gaeilge sa gCuracclam Gaeilge agus ní leor sin don pháiste Gaeltachta a bhfuil an teanga ar a thoil cheana féin aige.

Dar liom, tá leatrom uafásach déanta ar an bpáiste Gaeltachta sa gcuraclam leasaithe agus pé seans a bhí ann go gcuirfí soláthar ceart de théacsleabhair, leabhair thagartha, leabhair leabharlainne agus áiseanna eile teagaisc ar fáil dóibh, bheadh an-imní ormsa agus ar mhúinteoirí eile na Gaeltachta gur amhlaidh nach mbeidh ábhar nua ar bith ar fáil do pháistí ó na naonáin go dtí Rang a 2 sa nGaeltacht anois — mar nach bhfuil gá le téacsleabhair Ghaeilge do na páistí Galltachta go dtí Rang a 2. Ní bheidh aon suim ag na comhlachtaí móra foilsitheoireachta ábhar a sholáthar don mhargadh beag seo.

Ins an gcaibidil a chuireann síos ar mheasúnú sna scoileanna, deirtear sa leabhar Béarla — *"Children's achieve-*



"Ní dóigh liom go bhfuil sé scríofa in aon áit sa lámhleabhar Gaeilge go bhfuil forbairt iomlán an pháiste Gaeltachta arbh í an Ghaeilge a theanga dhúchais tábhachtach — is é sin forbairt a chuid mothúcháin, samhlaíochta agus intleachta. Má tá sé aitheanta sa lámhleabhar Béarla cén fáth nach bhfuil an scéal amhlaidh don pháiste Gaeltachta. Tá an-bhéim curtha ar fhoghlaim na Gaeilge sa gCuracclam Gaeilge agus ní leor sin don pháiste Gaeltachta a bhfuil an teanga ar a thoil cheana féin aige."

ment and progress ought to be monitored regularly and any modifications in remedial intervention that are necessary should be made."

"Standardised tests contribute to the accuracy of the teacher's monitoring and help to identify the need's of individual children and the appropriate learning targets they require — these tests are already widely used in schools."

Maidir leis an gCuracclam Gaeilge, tá foireann taighde as Coláiste Oideachais i nDroim Conrach agus Institiúid

Teangeolaíochta Éireann ag forbairt próifílí a thugann léargas don mhúinteoir ar cé chomh maith agus atá an páiste in ann an Ghaeilge a úsáid mar theanga chumarsáide. Maidir le trialacha caighdeánaithe, deirtear "go gcuirfeadh réimse trialacha caighdeánacha gairmiúla go mór le próiseas an mheasúnaithe sna scoileanna." Go bhfios dom, níl aon institiúid ag obair faoi láthair ar thrialacha léitheoireachta Gaeilge do ghasúir Ghaeltachta. Níl múinteoirí Gaeltachta sa mbliain 2000, fós, in ann

measúnú a dhéanamh i nGaeilge ar na páistí sna scoileanna. Úsáidtear trialacha meastóireachta scríofa i mBéarla — Sigma T chun cumas matamaitice a mheas agus Micra T chun an léitheoireacht i mBéarla a mheas.

Sheol grúpa múinteoirí i gCeantar na nOileán agus Eagraíocht na Scoileanna Gaeltachta litreacha gearáin ar aghaidh chuig an Roinn Oideachais faoin gCuracclam leasaithe. Fuair muid freagra ar na gearáin le gairid ansin agus deireann an tAire maidir le soláthar téacsleabhar — gur gnó do na foilsitheoirí é seo agus gur chuir an Chomhairle Náisiúnta Curaclam agus Measúnachta treoirilínte ar fáil dóibh i ngach ábhar curaclaim lena dheimhniú go mbeadh a gcuid foilseacháin ag teacht le cuspóirí agus le modhanna múinte an churacclam leasaithe. Mar thoradh air seo, beidh réimse breá leathan d'áiseanna curtha ar fáil do ghasúir Ghalltachta mar tá sé ráite san lámhleabhar — *"it is important that the child enjoys a consistent engagement with a rich selection of the best literature appropriate to his/her stage of development."*

Níl aon ábhar nua ar fáil faoi láthair don pháiste Gaeltachta mar níl sé ráite sna treoirilínte go bhfuil a leithéid d'ábhar ag teastáil uaidh.

Is é bun agus barr an scéil ag deir-eadh an lae ná go bhfuil sé soiléir go dteastaíonn curaclam leasaithe Gaeilge don Ghaeltacht, agus go dtí go gcuirfear ar fáil a leithéid, ní dóigh go mbeidh sé ar ár gcumas mar mhúinteoirí Gaeltachta an curaclam leasaithe seo a chur i bhfeidhm i Meán Fómhar 2000. Briseann sé mo chroí agus scoilbhliain nua ag tosnú i gceann coicíse go mbeidh múinteoirí i scoileanna Galltachta ag súil go mór leis an gcuraclam leasaithe Béarla a chur i bhfeidhm agus chuile chineál áise curtha ar fáil mar thacaíocht dóibh agus go bhfuil sé dodhéanta ag múinteoirí Gaeltachta an curaclam Gaeilge a chur i bhfeidhm mar nach bhfuil aon ábhar tacaíochta ar fáil.

Tá súil agam nuair a chuirfear Mír 31 den Acht Oideachais 1998 i bhfeidhm go mbeidh leigheas ar an scéal agus go gcuirfear an páiste a labhrann Gaeilge mar theanga dhúchais ar an leibhéal céanna leis an bpáiste a labhrann Béarla mar theanga dhúchais sa tír seo.

Mairéad Ní Chualáin

Nead Síoda

ART & TEXTILE DESIGN STUDIO

Dearthóireacht teicstíle, dathú éadach lámhphriondálte,
péintéireacht & fiodóireacht

Taipéisí, pictiúir, cartáí, marcleabhair,
gach cineál bronnatanas speisialta

Hilaraí Nic Caba,
Dearthóir Teicstíle
091-595314

Cois Locha
Gleann Mór
An Cheathrú Rua, Co na Gaillimhe

Cuirfear Fáilte Uí Cheallaigh romhat chuig

Tír na nÓg

INDREABHÁN

Ceol agus Craic

Fón: 593853

Teach a' Daingin

Béal an Daingin, Conamara
091-572502

DEOCH & BIA
GACH CINEÁL CÓISIR

Tigh Mhóráin

Carna & 095-32570

Beár, Beatha, Ceol & Craic

Peter & Jane Fitzpatrick

SOCOS^{TEO}

SOCOS Teo.,
Indreabhán, Co. na Gaillimhe
Fón: 091-593301
Facs: 593303

Cártaí Bainise

Gaeilge • Béarla • Dhá Theangach

Fearáistí Oifige
Troscáin Oifige
Córais Stórála
Soláthairtí Ríomhaireachta

*Má tá sé uait,
tá sé againn!*

COMHARCHUMANN CONAMARA THAR Tta

Cill Chiaráin 095-33436
Ros Muc 091-74341

**STÓR AN
CHOMHARCHUMAINN**

Ábhar Tógála agus Feirme

SIOPA AN PHOBAIL

FORBAIRT POBAIL

Go n-éirí go Geal leis an bPléaráca



**Cuireann Gearóid Ó Murchú síos
ar chuairt a thug grúpa ceoltóirí
agus damhsóirí as Conamara ar
Oileáin na hAlban**

Tá nasc bunaithe idir Oileán Leodhais na hAlban agus Conamara. Cuireadh tús leis an nasc seo anuraidh nuair a thug suas le 35 duine ó Nis, ceantar iargúlta in iarthuaisceart Leodhais, cuairt ar Chonamara le linn féile Phléaráca. Chríochnaigh an chuairt sin suas le an-oíche spraoi agus spóirt Tigh Antaine Lee i Leitir Mealláin, áit ar deineadh geallúintí gur gearr go dtiocfadh dream ón taobh seo anonn ar chuairt acu siúd.

Céard a tharla ó shin ach gur spreag a bhfaca siad i gConamara, muintir Nis chun gnímh, nó gur bheartaigh siad féile dá gcuid féin a eagrú i mbliana. 'Céilidh san Iar

Céilidh san Iar Thuath

Thuath' a thug siad ar an bhféile seo agus seo linn, scór duine ón dtaobh seo tíre ar eitleán 6.15a.m. as Gaillimh. Bhí muid i nGlaschú faoin a naoi agus as sin, 6 uair a chloig ar bhus go hUig ar an Oileán Sgiathánach. Cúpla uair a chloig eile

ar bhád farrantóireachta agus ansin bus eile go Nis. Lá fada taistil, ag sroichint Nis thart ar a deich sa tráthnóna.

Thaistéal muid tríd taobh tíre sceirdiúil agus álainn agus muid ag déanamh ár mbealach tríd na Gairbhchríocha. Ceantracha fairsinge gan duine ar bith ag cónaí iontu. Talamh mín cuid mhaith di, ar glanadh na daoine dóibh aimsir na 'clearings', ar mhaithe le tiarnaí móra talún, i Sasana don chuid is mó.

An rud is túisce a chuaigh i gcion orainn nuair a thrasnaigh muid an droichead isteach go dtí an t-Oileán Sgiathánach, na logainmneacha. D'aireofaí mar a bheadh ciorcal iomlán déanta againn nó nár fhág muid an baile ar chor ar bith. Ainmneacha ar nós *An Cnoc Ard*, *Airigh a Bhealaich* agus *Ailt a Mhaide*. Cuid mhaith de na





Micheál Darby Ó Fátharta, Tracy Ní Shuilleabháin agus Maidhc Ó hÉanaí

comharthaí bóthair i nGáidhlig amháin.


Bhí muid maraithe amach faoin am a shroich muid Nis, agus 18 uair a' chloig taistil curtha dinn ag cuid againn, ach níor stop sé sin muid ó chuairt a thabhairt ar an gclub shóisialta (Club Sacair Nis) agus ár gcéad chéilí den Chéilidh san Iar Thuath. Ar ndóigh ní hionann *céilí* in Albain agus an céilí s'againne. Cineál oíche áirneáin atá i gceist, le ceol, amhráin agus damhsa, cuid mhaith níos foirmeálta ná mar a bheadh againne.

Cuireadh fáilte is fiche romhainn ón tús. Stráinséirí ag teacht as chuile thaobh le lámh a chraitheadh linn,

ach ní stráinséirí a bhí iontu ar feadh i bhfad. Daoine iontach cairdiúla a bhí iontu agus mhothaigh muid sa mbaile ina measc.

Ag fanacht i dtithe príobháid-eacha a bhí muid. Níl ach B+B amháin sa gceantar. Chaith muintir na dtithe seo go fial linn. Níl na tithe féin chomh mór ná chomh maisithe ar an dtaobh amuigh is atá i gConamara, ach taobh istigh bhí siad breá compordach. Rud eile a bhí suntasach ná gur luigh an stíl tithíochta isteach lena chéile agus leis an gceantar. Stíl áitiúil faoi leith atá ann agus cloítear leis sin murab ionann agus an manglam de stíleanna, dathanna agus crotanna gan dealramh atá againn sa mbaile.

Chaith muid na laethanta ag tabhairt cuairt thart ar an gceantar, ag na suíomhanna seandálaíochta, ag breathnú ar traenáil *shinty* (iománaíocht na hAlban), ag siúl ar na tránna agus aillte. Fuair cuid againn deis dul ag seoltóireacht ins An Súlaire, 'sgoth Niseach', bád de stíl traidisiúnta an cheantair a tógadh le gairid. Bád sách mór í, tríocha troigh ar fhaid agus thart ar 12 troigh ar leithead, seol mór amháin, ar nós an



Pádraig Óg hOibicín agus Mairéad Uí Chuaig

phúcáin s'againne, ach í i bhfad Éirinn níos místuama le láimhseáil.

Bhí neart siamsaíochta ar fáil san oíche, ó chéilithe go dtí banna rac-cheol, an choirmcheol mór le Danú as Éirinn, agus banna ceoil áitiúil Face the West, gan trácht ar an seó breá a chuir muid féin ar siúl sa gclubtheach oíche Déardaoin. Bhí togha na gceoltóirí inár measc:

Micheál Darby ó Fátharta, Tracy agus John ó Súilleabhán, agus Maidhc Ó hÉanaí. B'iad Áine Ní Dhroighneán agus Beartla Breathnach a bhí i mbun ná n-amhrán, agus ar ndóigh dúirt mé féin corr cheann nuair a tháinig an crua ar an táirne, ach b'iad na damhsóirí, Mairéad Ní Chuaig agus Patrick hOibicín, a chuir an sméar



(Thuas) Muintir Chonamara ag triail amach bád seoil na hAlban
An tAire Stáit Éamon Ó Cuív ag déanamh an col beirte

mhullaigh ar an taispeántas. Chuaigh siad go mór i gcion ar mhuintir na háite. 'A leithéid de body language' a chuala mé bean amháin ag rá faoi dhamhsa Phatrick.


D'fhreastal cuid againn ar léacht faoi Sula Sgeir, carraig atá i bhfad amach sa bhfarraige, dhá scór míle taobh ó thuaidh de Phort Nis. Chuile bhliain caitheann grúpa beag fear, faoi cheannas 'Dods' McFarlane, coicíos chrua ar an gcarraig seo, ag marú Guga, gainéid óga a bhfuil antóir orthu mar bhia i Nis. Maraítear suas le 2,000 acu sa mbliain agus bíonn na céadta ag fanacht ó mhoch maidin ar an gcéibh nuair a thagann na seilgirí ar ais abhaile. D'ith muid féin cuid den Ghuga seo Tigh Antaine Lee anuraidh. Mmmmm.

Rud suntasach eile a tharla fad a

bhí muid ann ná gur osclaíodh ionad nua cultúir darb ainm 'Taigh Dhonnachaigh' nó Tigh Dhonncha sa gceantar. Tá sé i gceist an tionad beag seo a úsáid le haghaidh ranganna ceoil agus amhránaíochta do ghasúir an cheantair. Bhí maithe agus móruaisle i láthair don ócáid, ina measc ár n-Aire Stáit féin, Éamon Ó Cuív, agus Aire na hAlban, Brian Wilson. Is iad an bheirt aire seo faoi ndeara Iomairt Cholmcille, an t-eagras a bunaíodh le nascanna idir Gaeltachtaí an dá thír a chothú. Chaith Éamon Ó Cuív roinnt laethanta sa gceantar agus i measc na nithe a rinne sé, thug sé traenáil do dhaoine óga na háite sa bpeil Gaelach.

D'éirigh le muintir Nis féile den scoth a chur ar bun ainneoin easpa





Donald John, duine de lucht eagraithe 'Céilidh san Iar Thuath' agus Kane Ó Máille as Doire Iorrais, Ros Muc

áiseanna an cheantair. Chuir siad bialann iontach ar bun don tseachtain i Scoil Lionel, an scoil náisiúnta áitiúil. Crochadh ollphuball mór don choirmceoil, ceal halla mór, agus cuireadh seirbhís bus ar bun chun daoine a thabhairt

abhaile slán go deireanach san oíche. Comhghairdeachas leo agus *roll-on* Céilidh san Iar Thuadh 2001.

Gearóid Ó Murchú
Grianghrafanna: Gearóid Ó Murchú, Seán Ó Flaithearta



Leos na dtithe dubha atá chomh feannta le Garomna, chomh molánach le Cois Fharraige, a bhfuil a screamhóg móna chomh sceanta dhe le Ros a' Mhíl, ar cúinge aríst a chuid "feannagan" ná ceapachaí cuir na Ceathrún Rua nó Gaoth Dóbhair. (. . .) Pé ar bith cé an imirce sa dhéanfas Leoiseach ní ligfidh sé uaidh a theach ar an oileán. Déanann Pailitéaraí tithe ar an talamh comhpháirteach. Tá saint i ndiaidh na talún i gcónaí ann. Is ann is mó a ídítear móin. Is as is lú a dhíoltar beithígh. Tá an churaíocht agus an chomhar chomh tréan ann agus a bhí ariamh."

—Máirtín Ó Cadhain,
Feasta 1957



Oireachtas na Gaeilge

Caisleán an Bharraigh, Co. Mhaigh Eo
2 - 5 Samhain 2000

COMÓRTAIS ARDÁIN do Dhaoine Óga agus do Dhaoine Fásta

Amhránaíocht ar an Sean-Nós

Rince ar an Sean-Nós

Agallamh Beirte

Lúibíní

Seó Ardáin

Dreas Cainte

Scoraíocht

Scéalaíocht

Amhráin Nua-Chumtha

Spriocdháta d'Iontrálacha: 14 Meán Fómhair 2000

DUAISEANNA MÓRA NUA

i gComórtais Rince ar an Sean-Nós, Dreas Cainte & Scéalaíochta

Gach eolas ó
Oifig an Oireachtais, Conradh na Gaeilge, 6 Sráid Fhearchair, Baile Átha Cliath 2
Fón: + 353 - 1 - 475 38 57 Facs: + 353 - 1 - 475 87 67
Ríomhphost: oireacht@indigo.ie

Óstán na Páirce

An Spidéal

Teil: 091-553159 Facs: 091-553494

Dod' bhainis nó dod' chóisir

Gach eolas ó Ghearóidín Ní Fhoighil

Stáisiún Seirbhís Bhreathnach

Casla

091-572456/572169

Mobile: 087-2525088

Seirbhís Aisghabhála 24 uair a chloig

Trealamh lascaireachta

Páirteanna athlámha do charranna

Tigh Henry

An Droim, Leitir Mór

Teil: 091-551106

Beár, Ceol & Craic

—Seirbhís Sochraide—

Go n-éirí go geal leis an bPléaráca



An St. Jude nó An Micí

le RUAIDHRÍ Ó TUAIRISG

Is údar cainte i gcónaí é ag lucht na mbád, cé rinne a leithéid seo de bhád, cé dhó ar dearnadh í, cén áit, céard a tharla de agus mar sin de. Is dóigh gur cuid den draíocht é a bhaineann leis na báid nach bhfuil na freagraí ar fad againn. Tá eolas réasúnta maith againn faoi chuid de bháid Chonamara ach tá cuid éile agus tá bearnaí go leor le líonadh.

Ceann den chuid eile seo is ea An Micí nó An St. Jude atá coinnithe i gCéibh Chlais na nUan i dTír an Fhia. Tá fhios againn gurbh é Colm Trayers nó Colm Tray mar a thugtar air i gConamara a rinne an St. Jude. Rugadh é i Seanacomheas i nGarumna sa mbliain 1851. Bhí sé pósta le Julia Ní Dhonnachadha as Ros a' Mhíl. Bhí triúr iníon acu, Máirín, Maggie agus Julia agus mac amháin Jimmy a bhí ina shaor é féin. Phós Maggie sa mbaile ach bhásaigh sí go hóg. Chuaigh Máirín agus Julia go Meiriceá. Is mac le Jimmy é Colm Tray atá ina chónaí sa Tuairín. "Boatbuilder" a cuireadh síos do Cholm mar cheird i ndaonáireamh na bliana 1901 agus sin í an cheird a bhí curtha síos do Jimmy a bhí cheithre bliana déag ag an am.

D'fhoghlaim Colm ceird ó Ned Ó Béara as Leitir Mealláin. I measc na mbád eile a rinne Colm, bhí An Rúta, bád a thóg sé sa gCrapach do Mháirtín Learaí as an Máimín, agus a thit ann, agus bád Chóil an tSeoige as Ros a' Mhíl. Cailleadh í ag teacht as Gaillimh, ag Ceann Bóirne. Tháinig na bádóirí slán. Rinne sé an ghleoitheog, Beaincs, a bhí ag Pádraig de Bhaldrathe agus atá i gCiarraí anois. Bhí sé ag obair ag an Congested Districts Board agus bhí daoine ag obair aige i gCuigéal. Rinne sé an nobby, St Colmcille, do Mháirtín Bheachlín Ó Conghaile as Leitir Mealláin sa mbliain 1899. Rinne sé an nobby, Lettermore, do John Barrett sa mbliain 1902 ar £190 agus rinne sé Mary Ann Mc Crumma do Thigh Tommy Réamoinn i nGaillimh. Fuair Colm Tray bás sa mbliain 1925.

Ag teacht ar ais go dtí an St. Jude. Is do Edward O Loughlen as Baile Uí Bheacháin a rinneadh an bád agus seans gur eisean a thug an t-ainm sin uirthi. Ba dream mór le rá iad muintir Uí Lochlainn sa gceantar seo. Tá

eolas againn faoi dhán a scríobh an file Aodh Buí Mac Cruitín (c.1670-1740) ag moladh báid a bhí ag an gclann.

*Beannaigh an Bárc
Beannaigh an bárc bláthshnoithe béalchumtha,
Beannaigh an áirc árrachtach éis-iomdha,
Beannaigh an sál shnáimhfeas, a Dhé Dhúileamh,
's gach calaithe, an trá thráchtas, i bhféithchiúine.*

*Is éachtach obann a sorthan saor chun siúil
's is aerga bhogas a brollach, a taobh 's a stiúir,
an bréideach borbdo goradh le saoraibh iúil
's cé fraochta a folcadh ní fochtar a céim ach ciúin.*

Tá chúig véarsa ar fad sa dán. Ní inniu ná inné a tosaíodh ag moladh báid mar An Meircean Mór agus Púcán Mhicil Pháidin.

Rugadh Edward sa mbliain 1859. Bhí siopa láidir agus teach ósta aige. Go deimhin, tá an teach ósta ann i gconaí ós comhair na céibhe ach ní leis an gclann sin anois é. Ba le fear darbh ainm Monks é ar feadh blianta ach tá úinéirí nua faoin áit anois.

Bhí trí bhád ag O Loughlen ag amanna difriúla ag tarringt plúir, gráin agus earraí dá shórt as Tigh Tommy



St Jude le seolta bána. Joe Conneely ó Leitir Ard ar an stiúir



(Ar chlé) Michael Úna Ó Domhnaill agus a bhean, Mary Phat Anda c. 1955; (sa lár) Lá'l Peadar agus Pól (1948) ag dul go hÁrainn sa St Jude. Michael Úna ina sheasamh, a mhac Seán ag casadh ceoil ar bhosca le Pat Willie Ó Gríofa. Winnie Mhichael Úna, Seán Reynolds (fear na bhfataí). (Ar dheis) Tógadh an pictiúr seo lá aonaigh timpeall 1930 de chéibh Bhaile Uí Bheacháin agus tá Tigh Lochlainn le feiceáil ag ceann na céibhe ar thaobh na láimhe clé de na páistí. Tabhair faoi deara an húicéara atá le balla.

Réamoinn i nGaillimh. Bhíodh gáltán ag tarraingt guail aige as Learpholl i Sasana agus bhíodh a bháid féin ag tabhairt an ghuail le céibh. Dúirt Michael Kelly a thugann aire don Jude anois, go raibh sé ag caint le fear i gCinn Mhara roinnt blianta ó shin a bhí ag rá go raibh trí bhád acu, an Jude ina measc agus gurbh í seo an bád aimsire is fearr a bhí ag Edward O Loughlen. Bhí bád darbh ainm Mary

Ann aige. Bhí an An Cuanach Mór aige, freisin. Is uaidh a cheannaigh Seán Ned as an Máimín í. Thit sí in Árainn timpeall 1955. B'fhéidir gurbh í an bád céanna an dá bhád seo mar d'athraigh ainmneacha nuair a d'athraigh úinéirí. Bhíodh Edward féin ag bádóireacht agus bhíodh fear darbh ainm Griffey mar leathbhádóir aige.

Ní bád an mhór í an Jude, 36 troigh taobh amuigh ó bhall go

posta. Tá seas crainn deich dtroigh sé horlaigh aici. Níl fhios againn cén bhliain ar tógadh í ach tá chuile sheans go raibh sí déanta roimh dheireadh na naoú haoise déag. Ceaptar gur ar an Trá Bháin a tógadh í agus gur iarr Edward O Loughlen gan mórán tarringt uisce a bheith aici mar gheall ar chuan tanaí Bhaile Uí Bheacháin. Is mar sin a déanadh í. Níl snámh níos mó chun deireadh aici ná mar atá chun tosaigh, timpeall cheithre throigh. Dhíol Edward O Loughlen na báid de réir a chéile. Ba í an Jude an ceann deireadh a dhíol sé. Bhásaigh Edward sa mbliain 1936.

'Sé Micí Keane as Tir an Fhia a cheannaigh í agus as sin a tugadh An Micí uirthi. Bhí bád eile aige, freisin, Bád Phatsy. Ag tarringt mhóna go hÁrainn agus soir go Cinn Mhara agus Co. an Chláir a bhíodh sé. Tharraing sí go leor beithíoch isteach agus amach go hÁrainn, freisin. Dhíol na Keanes an bád le Simon Mór Allen as Muiceanach blianta beaga roimh 1930. Is cuimhneach le Beachla hOibicín as Cinn Mhara,

Camus, ar an mbaile í nuair a bhí sé timpeall deich mbliana d'aois. Rugadh Beachla sa mbliain 1918. Chuaigh Jim Mhicí go Co. na Mí sa mbliain 1935.

Ina dhiaidh sin, bhí sí ag clann Chóilín Seoige as Béal an Daingin ar feadh scaithimh. Tá scéal deas ag John Dáirbe faoi na Seoige agus Willie Annracháin, an té a bhíodh ag oscailt Droichead an Daingin. Bhí titim amach éicint eatarthu. Tháinig an Jude ag an droichead lá ag iarraidh dul suas. Dhiúltaigh Willie an droichead a oscailt. "Gabhfaidh muid suas go do bhuíochas," a dúirt siad agus leag siad an crann agus suas leo.

Sa mbliain 1942, cheannaigh Michael Úna Ó Dómhnaill an bád ar £120. Bhí Michael agus a mhac Séamus dhá hoibriú go dtí go ndeachaigh Séamus go Meiriceá i 1949. Bhí Seán inti lena athair ansin agus thug siad an t-ualach deiridh go hÁrainn timpeall 1955. Fuair Michael Úna bás sa mbliain 1957. Tá an bád i gClais na nUan ó shoin.

Fuair Séamus Mhichael Úna bás i 1999. Dúirt Máirtín Ó Briain liom go raibh sí beagnach ceannaithe ag a

athair Mike, do Phádraig Kelly ó bhean Mhichael Úna ach ní dheachaigh sí ar aghaidh leis an margadh. Le blianta beaga anuas, 'siad Josie Conneely, John William Seoige, John Beag Ó Flaithearta agus Michael Barrett is mó a bhíodh á gabháil. Bhuaigh sí an tsraith seoltóireachta a eagraíonn Cumann Húicéirí na Gaillimhe agus John Beag ar an stiúir sa mbliain 1997 agus bhí sí ar chomhscór leis an Tónaí faoi stiúir Mhichael Barrett an bhliain ina dhiaidh sin. Mar a dúirt mé, 'sé Michael Kelly, garmhac Mhichael Úna a bhíonn ag breathnú

ina diaidh anois.

Is iomaí duine a thug eolas dom agus mé ag réiteach an phíosa seo, Colm Tray, John William, Michael Kelly, Petie Kelly, Tommy Ó Cartúir, Pádraig de Bhaldrathe, Máirtín Ó Briain, John Dáirbe, Mac Neill O Loughlen as Baile Uí Bheacháin agus a nia Edward O Loughlen. Buíochas speisialta do Mhichael Kelly, do Winnie Mhichael Úna agus do Edward O Loughlen a chuir grianghrafanna ar fáil. Is do shin-sheanathair Edward a rinneadh an St. Jude. Go bhfága Dia bhur sláinte agaibh uilig.



John William Seoighe, Mary Ann Ní Cheallaigh agus Micheál Ó Ceallaigh ar an St Jude



Ar bord an St Jude

Beirt Bhan Mhisniúil



Beidh **Éadaoin Ní Challaráin** ag kayakadóireacht d'Éirinn sna Cluichí Oilimpeacha agus tá **Niamh Ní Chuaig** tar éis bonn a bhuachaint i gcomórtais reatha idirnáisiúnta. Tá cur síos anseo ag Nuala Ní Chonghaile ar an méid atá bainte amach acu.

Beirt bhan óg as ceantar Chonamara a bhfuil an-dul chun cinn déanta acu i gcúrsaí spóirt is ea Éadaoin Ní Challaráin agus Niamh Ní Chuaig. Tá suim faoi leith ag an mbeirt seo dul chomh fada agus is féidir leo ina gcuid spóirt agus is mór an méid é a leithéid de dhúshlán.



Is as an Spidéal do Éadaoin Ní Challaráin, atá ceithre bliana fichead d'aois agus is í an kayakadóireacht an spórt a bhfuil sise tugtha dhe. Agus mar atá fhios ag chuile dhuine i gConamara agus in Éirinn faoi seo, beidh sise ag seasamh an fhóid d'Éirinn sna comórtais kayakadóir-eachta sna Cluichí Oilimpeacha san Astráil an mhí seo. Musclaíodh suim

Éadaoin sa spórt seo nuair a cheannaigh a hathair kayak di agus lean sí ar aghaidh leis agus í ar scoil i nGairmscoil Cholmcille in Indreabhán.

Sé bliana ó shin, ghlac sí páirt sa rása cáiliúil 'An Liffey Descent' agus is é an rása slalom sin a spreag a suim sa gcineál rásaíochta a dhéanann sí anois. Is rásaíocht faoi leith é an slalom, ar thrí chéad méadar uisce a bhfuil an-luas faoi. Ní amháin sin, ach bíonn geataí crochta os cionn uisce agus caithfidh duine dhul thríd na geataí áirithe ag an am ceart agus san ord ceart.

Thóg Éadaoin sos bliana ón gcoláiste i 1996 chun tréimhse traenála a chaitheamh i Nottingham Shasana. Ghlac sí páirt ina céad rása idirnáisiúnta i 1997 i Tacen sa tSlóivéin agus chríochnaigh sí sa tríú háit ón deireadh. Nuair a tháinig sí ar ais chuig an áit chéanna arís, bhain sí an seachtú háit amach. Taispeáineann sé sin an méid oibre a chuir Éadaoin isteach in achar an-gherr.

Bhí sí ag rásaíocht sa gCraobh Domhanda sa Spáinn i mí Mheán Fómhair seo caite nuair a

chríochnaigh sí mar dhuine den chúigear déag ab fhearr agus de bharr sin, cháiligh sí do na Cluichí Oilimpeacha i Sydney na hAstráile i mbliana.



Is as Aill na Brún i gCill Chiaráin do Niamh Ní Chuaig agus níl sí ach sé bliana déag d'aois fós ach do chailín chomh hóg léi tá an-dul chun cinn déanta aici ó thaobh rásaíochta dhe. Agus cosúil le hÉadaoin, is dóigh go bhféadfaí a rá gurbh é athair Niamh a spreag a suim sa ritheacht, ó rud é gurbh é a d'eagraigh cluichí pobail an cheantair agus leathmharatón na Gaeltachta i gCill Chiaráin. Thosaigh Niamh féin ag rith i leathmharatón na Ceathrún Ruaidh nuair a bhí sí aon bhliain déag d'aois, agus d'éirigh thar cionn léi.

D'fhan sí leis an reathaíocht agus í ag freastal ar Ghairmscoil na bPiarsach i Rosmuc. D'éirigh le Niamh an ceathrú háit déag a bhaint amach i gCraobh na hÉireann de Rásaí Trastíre na gColáistí i mBéal Feirste anuraidh. D'fhill sí ar ais ar na rásaí

céanna i mbliana agus bhain sí an tríú háit amach. Seo comhartha den am agus den traenáil atá curtha isteach ag an gcailín seo taobh istigh de dhá mhí dhéag. Ach ní rásaíocht trastíre amháin a dhéanann Niamh, tá sí an-chomordach ar an raon, chomh maith.

Bhí a céad rása idirnáisiúnta ag Niamh i mBlackpool Shasana agus í ag rith ar son na tíre seo. D'éirigh le foireann na hÉireann an dara háit a bhaint amach. Le gairid, bhí sí ag rith in Irvine na hAlban leis an bhfoireann chéanna agus bhaineadar an dara háit amach arís.

Níl Niamh ach sé bliana déag d'aois fós agus í ag rith faoi 17 lena club Galway City Harriers, atá suite 50 míle óna baile i gCill

Chiaráin. Is léir go bhfuil sí ag obair go crua; ag freastal ar an scoil sa Spidéal chuile lá agus í ag traenáil anuas air sin. Ach cosúil le hÉadaoin, is léir go bhfuil dúil ag Niamh san iomaíocht agus teastaíonn sé seo chun na huaireanta fada uaigneacha traenála a chur isteach.

Is féidir a rá gur beirt bhan eisceachtúil iad Niamh agus Éadaoin. Tá bua faoi leith acu ina gcuid spóirt agus dúil san iomaíocht acu. Ceann de na fáthanna a bhfuil ag eirí chomh maith leo agus nach luaitear sách minic ná go

bhfuil tacaíocht iomlán a gcuid muintire taobh thiar de Niamh agus de Éadaoin agus ní bheidís san áit ina bhfuileadar gan sin a bheith amhlaidh, gan dabht.

Go néirí go geal le hÉadaoin i Sydney na hAstráile!

Nuala Ní Chonghaile



Chaith Caoimhín Ó Maicín aon bhliain déag agus fiche ag teagasc i nGairmscoil na bPiarsach i Ros Muc idir 1955-1986. Bhí sé ina Phríomhoide ar an scoil ar feadh blianta sular éirigh sé as an mhúinteoireacht.



Frank Ó Corcoráin (BÁC), Peig Bn Uí Mhaicín, Caoimhín Ó Maicín, cara leis an gclann, Séamas Ó Corcoráin, Iníon Uí Chorcairín (*chun tosaigh*) Orla Ní Mhaicín, Clóthra Ní Chorcairín, Séamus Ó Maicín, Peadar Ó Maicín, Siobhán Ní Mhaicín agus cara leis an gclann

Caoimhín Ó Maicín

“Rugadh mé sa mbaile sin i gCill Mhantáin, Abhóca, ina ndéantar an clár telifíse Ballykissangel. Feirmeóir a bhí in m'athair. Bhí triúr dreatháir agus triúr dreifíur agam, tá dreatháir amháin ina chonaí i gCill Mhantáin i gconaí.

Tá athrú mór tagtha ar an saol ansin ó bhí mise óg; cosúil le gach áit eile.

Nuair a d'fhág mé an scoil chuaigh mé le printíseacht siúinéireachta agus chaith mé tamall ag plé le hobair thógála. Ag an am sin, freisin, bhí go leor do na leids óga ag dul isteach san arm, agus rinne mé fhéin agus cara liom an rud céanna. Chaith mé dhá bhliain san arm i gCo. Lú, ina dhiaidh sin d'fhill mé ar an obair shiúinéireachta. Chríochnaigh mé an phrintíseacht agus chaith mé tamall ag obair leis an gComhairle Condae i gCill Mhantáin.

Bhí mianach fosfáit ag an rialtas i

gCo. Chill Mhantáin. Ní raibh fosfáit ag teacht isteach as an Aifric ná as aon áit eile ag an am sin, bhí mé fhéin agus cara liom ag obair mar shiúinéirí san mianach. Bhíodh frámaí móra adhmaid le déanamh agus le cur síos ann. Tamall ina dhiaidh sin d'oscail mianach i nDúlainn i gCo. an Chláir agus d'iarr an comhlacht orainn fráma adhmaid a dhéanamh nó *Headframe* le cur isteach sa bpoll a bhí siad á thochailt isteach sa talamh chomh fada leis an mianach. Chuaigh an bheirt againn síos go Dúlainn le haghaidh an fráma seo a chur isteach, bhí súil againn a bheith ann ar feadh trí mhí nó mar sin, ach, bhí mise ann ar feadh trí bliana ag plé le haon obair adhmaidíreachta a bhí le déanamh sa mianach. Bhí cónaí orm i Lios Dúin Bhearna. Bhí mé an-tsásta ann — b'anseo a casadh mo bhean chéile Peig liom. Ina dhiaidh sin, chaith mé tréimhse thart ar dhá bhliain ag obair i Luimneach sular fhill mé ar Bhaile

Átha Cliath, áit ar chaith mé tamall ag obair ar na láithreáin tógála. Shocraigh mé ansin dul ar coláiste agus rinne mé iarratas ar chúrsa do ábhar muinteoirí adhmaidíreachta agus foirgneolaíochta a bhí fógraithe i gColáiste taobh amuigh de Ghuaire i gCo. Loch Gorman.

Tamall tar éis dom críochnú, chonaic mé dhá phost fógraithe sna páipéir laethúla ag an gCoiste Gairm-oideachais do mhuinteoirí adhmaidíreachta agus foirgneolaíochta i gCo. na Gaillimhe agus i gCo. an Chabháin. Chuir mé isteach ar an dhá phost agus fuair mé an post i gCo. na Gaillimhe i nGairmscoil na bPiarsach i Ros Muc.

Bhí na hábhair seo an-tábhachtach don dream óg a bhí ag dul ar imirce go Sasana ar thóir oibre. Bhí an cúrsa dírithe ar na scileanna seo a mhúineadh mar ábhar sna ceardscoileanna. Bhí go leor athruithe ag tarlú sa tionscail tógála ag an am. Bhí tithe nua le seirbhísí uisce agus séarachais dhá

dtógáil, agus seirbhísí uisce dhá gcur isteach i seantithe. Bhí traenáil ag teastáil leis na scileanna seo a mhúineadh le go mbeadh daoine ar fáil go háitiúil le tabhairt faoin obair. Bhí an-áthas orm agus an-spéis agam teacht go Ros Muc. Bhí go leor colais agam faoi Theach an Phiarsaigh, bhíodh mo mháthair agus m'athair ag teacht go dtí an Ghaeltacht agus bhí aithne mhaith acu ar an gCeathrú Rua agus ar Leitir Móir. Bhí an-spéis ag m'athair sa nGaeilge agus cé nach tógadh le Gaeilge muid bhí Gaeilge againn i gcónaí. B'í a labhair m'athair i gcónaí linn. Bhí dreatháir ag m'athair ina mhúinteoir Gaeilge agus bhíodh sé ag taisteal ó áit go háit. Bhí múinteoir iontach as Corcaigh sa scoil againn, bhí an-spéis agam fhéin sa teanga agus chaithinn an Fáinne.

Tháinig mé go Ros Muc i 1955. D'fhan mé i dteach lóistín an chéad sé mhí. Bhí mé pósta le roinnt blianta ag an am seo agus triúr gasúr againn, Orla, Peadar agus Siobhán. D'fhan Peig agus na gasúir i mBaile an Bhóthair i gCo. Bhaile Átha Cliath mar a raibh cónaí orainn nó gur éirigh

liom teach a fháil ar cíos i Snábó. Bhí sí breá sásta teacht chun cónaí i Ros Muc, cé go raibh Baile Átha Cliath breá ciúin agus sábháilte ag an am sin. Ní raibh an leictreachas tagtha go Ros Muc ag an am. Thosnaigh Orla agus Peadar ag Scoil Náisiúnta an Turlaigh Bhig. Is i Ros Muc a rugadh Séamus, nach maireann, Niamh, Deirdre agus Emer. Thóg muid an teach seo ar an Turlach i Ros Muc i 1963.

Ag an am sin, bhíodh go leor do mhuintir Ros Muc ag dul anonn ar an mbeet agus an dream óg ag dul go Londain ag obair ar na bildeálacha, ní raibh obair ar bith ag baile ná mórán dóil.

Níor mhothaigh muid strainséartha ag aon am. Chuir muid aithne an-éasca ar na daoine agus glacadh linn mar dhream don bhaile. Ba Gaeilge a bhí ag na gasúir. Thaitnigh iascaireacht liom agus bhí neart iascaireacht breac geal agus bradán sa gceantar. Bunaíodh cumann iascáir-eachta atá láidir i gcónaí agus a bhfuil mé mar bhall de. Bhí an-spéis agam, freisin, i bhfoghláireacht, is iontach an caitheamh aimsire í. Bíonn mé ag

iascaireacht agus ag foghláireacht i gcónaí, ach tá laghdú mór tagtha ar líon na mbreac geal. Nuair a tháinig mise anseo, ar dtús, bheadh deich nó dhá cheann déag de bhric ag teacht abhaile agat tar éis lá iascaireachta.

Ba i 1955 a thosnaigh mé ag múineadh i nGairmscoil na bPiarsach i Ros Muc. Bhí ceathrar muinteoirí sa scoil agus ba é Pádraig Dolan an Príomh-oide sa scoil ag an am sin.

Thart ar dhá scór dalta a bhí sa scoil ag an am, de réir a chéile ansin, bhíodh blianta ann a bhí go maith ó thaobh figiúirí agus blianta a bhí íseal ó thaobh figiúirí. Agus an bhliain ansin a mbíodh gasúir ag dul faoi láimh an Easpaig, bhíodh muid ag comhaireamh cé mhéid acu sin a rachadh chuig an nGairmscoil agus, scaití, b'fhéidir nach mbeadh níos mó ná seisear.

Tháinig athrú mór ar an scoil agus is maith an rud é sin, tógadh seomra nua miotalóireachta, Músaem an Phiarsaigh, cuairt leadóige agus cuireadh isteach leithris sa scoil faoi scéim phrintíseachta a cuireadh ar fáil le taithí oibre a thabhairt do dhaltai a



Cló Iar - Chonnachta


Indreabhán, Co. na Gaillimhe
Fón: (091) 593307 Facs: (091) 593362
r-phost: cic@iol.ie / http://www.cic.ie

Saothair nua ó CIC

**Breandán Ó hEithir
Iomramh Aonair**

Liam Mac Con Iomaire
£20 (crua) ISBN 1-902420-29-2

Beathaisnéis Bhreandáin Uí Eithir.



SCÉIN SCÁTHÁIN
Helen Emanuel Davies
aistrithe ag Brian Ó Baoill
£5 ISBN 1 902420 25 X

Ocht scéal eachtrúil do dhéagóirí.

CUIR FIOS AR CHATALÓG IOMLÁN

CEARDLANN AN SPIDÉIL



Caith seal linn i gCeardlann an Spidéil,
áit a bhfuil scoth na ceardaíochta
agus ealaíne le feiceáil

Ár mbuíochas dár gcustaiméirí uilig

FÁILTE ISTEACH

raibh an Mheánteist déanta acu agus a raibh spéis acu i siúinéireacht agus in obair thógála. Bhí scór ar an gcúrsa agus íocadh liúntas traenála leo. Bhíodh scéim eile ann — scéim gharraíodóireachta sa scoil. Thugtaí síolta, glasraí agus bláthanna do gach gasúr agus bhíodh orthu garraí a chur sa mbaile. Dhéantaí scrúdú ar na garrantaí seo ar fad agus bhíodh duais ag dul don gharraí ab fhearr. Bhíodh garraí glasraí curtha ag an Scoil, freisin, agus ba as seo a thagadh an t-ábhar do na ranganna cócaireachta, agus bhíodh sé, freisin, mar chuid den rang eolaíocht talmhaíochta. B'shin é an rud faoi na scoileanna seo, ag an am, bhí go leor ábhar praiticiúil dhá múineadh iontu agus bhain daoine an-leas as na hábhair seo. De réir a chéile, cuireadh leis an réimse ábhar a bhí ar fáil sa scoil, i dtús na seascadaí cuireadh tús le rang gearrscríobh agus clóscríobh. Bhíodh ar aon duine a bhí ag iarraidh dul ar aghaidh agus an Ardeist a dhéanamh dul go Cárna nó ag an scoil chónaitheach sa Spidéal. Bhí sé seo costasach agus ní mórán a bhí in acmhainn é a dhéanamh agus bhídís ag teastáil le cúnamh a thabhairt ag baile. Chuaigh cuid acu go Sasana agus iad óg le hairgead a shaothrú le

cúnamh a thabhairt dá muintir sa mbaile.

Thaithnigh ceol riamh liom, bhí mé in ann ceol ar an míleoiden agus ar na warpipes nó na bagpipes - bhíodh mo athair ag casadh na bpíopaí agus ba uaidh a d'fhoghlaim mise. Ní raibh mórán maitheasa liom ach chasainn iad, anois agus aríst, nuair a bhí muid inár gcónaí i Snábó. Níor chas mé aon phort le fada, áfach, agus níl fhíos agam cá bhfuil an míleoiden!

Is cuimhneach liom nuair a bhíodh an Tóstal ar siúl i mBothar na Trá, ní raibh aon bhealach taistil ag imeachtaí ag an am, ní raibh carrannaí ag daoine mar atá inniu. Thugainn cúigear nó seisear isteach sa gcarr ag rasaí na gcurach nó ag na cluichí peile agus bhíodh an-lá go deo againn.

B'fhéidir nach bhfuil athrú an-mhór tagtha ar an bpobal seo ach, cinnte, tá an saol anseo níos fearr ná mar a bhí, tá níos mó oibre agus níos mó airgid ag daoine agus níos mó deiseanna taistil agus tá seansanna maithe oibre i nGaillimh. Beidh fonn taistil i gcónaí ar an dream óg; is cuma cé mhéid fostaíochta a bheadh sa mbaile, sin é an saol. Tá an dream óg anois oile agus tá scileanna maithe acu ag imeacht dhóibh agus tá siad in ann

postanna maithe a fháil, is cuma cá dtéann siad. Nuair a tháinig mise anseo ar dtús bhíodh go leor do na cailíní ag dul go Meiriceá agus na leaids ag dul go Sasana. Bhí an scéal céanna amhlaidh i gCill Mhantáin. Sin í an difríocht - tá daoine óga ag imeacht mar go bhfuil siad ag iarraidh an domhan a fheiceáil, ní mar go gcaitheann siad imeacht mar a bhíodh, fadó.

Ba mhaith-liom forbairt a fheiceáil déanta ar acmhainní nádúrtha an cheantair, tá feabhas mór ag teastáil do na bóithre agus, ansin, do na monar-chana agus deiseanna eile fostaíochta a chur ar fáil, le go mbeadh ar chumas daoine fanacht san áit. Faoi láthair, tá ardú mór tagtha ar luach tithe agus tá sé deacair ar dhaoine óga an cineál sin airgid a chur le chéile, ná iasacht a fháil ó na bancanna, fiú. Tá na praghsanna i bhfad ró-ard i gcomparáid leis an ráta pá a bheadh ag an ngnáthdhuine.

Tugaim cuairt ar Chill Mhantáin gach bliain ach ní bheadh aon rún agam dul ar ais anois, tá mé imithe rófhada uaithi agus ní aithním an dream óg muna mbíonn siad in éineacht lena muintir.

■ *I gcomhrá le Meta Uí Mháille*

Gradam an Phléaráca

Is é Tom a' tSeoighe, Cladbmach, a fuair Gradam an Phléaráca i 1999



Cosán Chor na Rón

Tá Mary Ann Ní Neachtain ag reachtáil feachtais le fada le go gcuirfí cosán coisí le taobh an bhóthair i gCor na Rón, áit nach bhfuil aon chosán faoi láthair.

Tá sé deimhnithe ag an Aire Stáit sa Roinn Ealaíon, Oidhreacht, Gaeltachta agus Oileán, Éamonn Ó Cuív go bhfuil airgead ceadaithe aige don chosán i gCor na Rón. I litir chugam le déanaí, dúirt sé, go raibh airgead curtha i leataobh aige sa gceol is go tógfaí an cosán i mbliana. Tá an cosán seo ag tarraingt cainte leis na blianta, áit a bhfuil Cor na Rón ar an t-aon cheantar ó Ghaillimh go dtí an Tulach nach bhfuil cosán ar leataobh an bhóthair.

Thug na Gardaí cuairt

orainn roinnt seachtainí ó shin, áit a chuir muid stop le obair fheabhsúcháin a bhí ar siúl ag an gComhairle Contae ar an mbóthar. Thug suas le soór againn as an gceantar chun sráide mar go bhfacthas dhúinn nach raibh an Chomhairle ag cur seirbhíse feiliúnaigh cosán ar fáil dhúinn sa gceantar. Stop muid oibrithe na Comhairle ag cur dromchla nua ar bhóthar Chois Fharraige sa gceantar. Tá Bóthar Chois Fharraige ar cheann de na bóithre is

gnóthaí sa tír, go háirithe ag an am seo den bhliain. Bhí muid ar buile leis an gComhairle Condae mar gur shíl muid go raibh an Chomhairle ag cur airgead amú leis an dromchla nua. Cuireadh scafta dromchlaí ar an mbóthar ag teacht suas go dheireadh na bliana anuraidh. Cheap muid go mba cheart don Chomhairle an t-airgead a chur ar fáil do na cosáin, rud a bhí á éileamh againn le blianta. D'fhéadfadh Aer Áránn an bóthar a úsáid!

Déanadh na cosáin ar chaon taobh don bhaile a athghrádú. Ciallaíonn sé seo gur cuireadh cosáin nua in áiteacha a raibh cosáin cheana fhéin. Go deimhin, cuireadh cosán nua síos trí huairé i gceantar an Chnoic. Chuir an cineál oibre seo

ole ar mhuintir Chor na Rón. Níl muid ag rá nár cheart go mbeadh cosáin in áiteacha ach ba cheart tús áite a thabhairt do bhailte nach bhfuil aon chosán ann fós. Níl i gceist ansin ach Cor na Rón; míle amháin den bhóthar.

Dúirt Éamonn Ó Cuív go raibh airgead curtha i leataobh ag an Roinn le roinnt blianta anuas le cosán a thógáil ar Bhóthar Chois Fharraige. Thug an Chomhairle Condae le fios dúinn go raibh siad ag iarraidh an obair a dhéanamh ach nach raibh na conrathóirí ar fáil. Le cúnamh Dé, beidh sé seo ar fad socraithe go luath agus beidh cosán ag muintir Chor na Rón. Creideann muid gur fearr dhá fhocal ón Aire féin.

Dé Sathairn 9 Meán Fómhair

- 10.00-6.00 BRICÍNÍ**
Féile Leabhar do Ghasúir agus do Dhaoine Óga
Seanscoil Shailearna, Indreabhán
2,000 Leabhar do Ghasúir!
Scéalta - Dánta - Dráma - Ealaín
Bígi ann agus tógáigí libh Mam, Daid, Mamó agus Daideó!
- 10.00-5.00 Drochhlá Ruairí** (CD Rom)
Taispeántas le Fios Feasa
- 11.00-1.00 Déan do Leabhar Féin!**
Ceardlann Ealaíne le Gwen Uí Ghaora (7-10) mbliain
- 11.00-11.30 Na Trí Mhuicín**
Scéal agus Dráma le Diarmuid de Faoite agus Pléaráca
- 12.00-12.30 Mamó ag an Zú**
Scéal (le Mary Arrigan)
Aithriste ag Diarmuid de Faoite (4-7 mbliain)
- 2.00-3.00 Déan do Leabhar Féin!**
Ceardlann Ealaíne le Gwen Uí Ghaora (4-7 mbliain)
- 2.00-2.30 Páidín Mháire Mhuigín & Dánta Duitse**
Scéal agus Dánta le Gabriel Rosenstock (8-11 bliain)
- 3.00-3.30 Róisín ar Strae**
Scéal le Colmán Ó Raghallaigh
Aithriste ag Tom Sailí Ó Flaharta (8-11 bl)
- 4.00-4.30 An Bóthar Fada**
Scéal & Ceisteanna; Michael Mullen (11-13 bl)
- 5.00-6.00 CIORCAL**
Scéalta & Dánta; Scríbhneoirí Óga Chonamara

Tuilleadh Eolais: Majella Ní Chríocháin
Fón: (091) 574341 Facs: (091) 574346

Dé Domhnaigh 10

- 12.00** **Lá'I Ciarán**
Aifreann na Féile
Séipéal Chiaráin, Cill Chiaráin
- 2.00** **Rásaí Báid Seoil**
i gCill Chiaráin
- 12-1.30** **Péinteáil Éadain & Spraoi**
do ghasúir i nGailearaí
Chonamara, An Spidéal
- Lá Oidhreacht** ag
Teach an Phiarsaigh, Ros Muc
- 3.00** **Cnoc Mordáin**
Siúlóid go bun Chnoc
Mordáin
Leagan síos Leac Dóchais
Léacht & Ceol
- 8.00** **Oscailt Oifigiúil na Féile**
Seanscoil Shailearna,
Indreabhán
Bronnadh Ghradam an
Phléaráca
- 8.00** **MAIMÍN CAJUN BAND**
Seanscoil Shailearna,
Indreabhán. £3
- 9.30** **Seisiún Ceoil Tigh Boulger**
Caiseal

Dé Luain 11

- 7.00** **Seoladh Taispeántais**
Grianghráanna le
ANTÁINE Ó FARACHÁIN
Gailearaí Chonamara,
Ceardlann an Spidéil
- 9.30** **Bobby Gardiner**
Óstán Charna
Fear an Tí: Máirtín Tom
Sheáinín Mac Donncha

Dé Máirt 12

- 9.30** **Oíche Áirneáin**
Tigh Pheadair Mhoir,
Ros a' Mhíl
Fear an Tí:
Máirtín Mac Donncha
- 9.30** **Comórtas Damhsa Beirte**
Tigh Dairbé, Béal an Daingin
• Jiveáil
• Waltz
• Shoe the Donkey
• Staicín Eorna
Ceol le MATT CUNNINGHAM
Táille: £3

Dé Céadaoin 13

- 5.00-7.00** **Ceardlann Damhsa ar an**
Sean-nós don Óige
le Páraic Ó hÓibicín
Halla Pobail Ros a' Mhíl
Gasúir: 5.00 - 6.00 Déagóirí:
6.00 - 7.00 Táille: £3
- 9.00** **Comórtas Damhsa ar an**
Sean-nós
sa Chistin, An Cheathrú Rua.
Fear an Tí: Colm Ó Mealóid
Ceoltóir: **Johnny Connolly**
Táille: £3
- 9.00** **Ceol faoi Lán tSeol**
Seisiún Ceoil le Ceoltóirí ón
mbád seoil An Fámaire
Tigh Mhóráin, Carna
- 10.00** **Oíche Áirneáin**
i Scoil na hAirde, Carna

Déardaoin 14

- Turas Bád Seoil**
ón Spidéal go Baile Uí
Bheacháin (agus ar ais!)
- 8.00** **OÍCHE FHILÍOCHTA**
Cathal Ó Searcaigh
Joe Steve Ó Neachtain
Jackie Mac Donncha
Ciorcal Filí Óga Chonamara
Ceoltóirí:
Luisne & Aisling
Ní Neachtain
Ceol na Mara (thuas staighre)
- 9.00** **COMÓRTAS**
TOM PHÁIDÍN TOM
i Tigh Chualáin,
Coill Rua, Indreabhán
Fear an Tí:
Máirtín Mac Donncha
Táille: £3
- 9.00** **Ceol faoi Lán tSeol**
Seisiún Ceoil le Ceoltóirí ón
mbád seoil An Fámaire
Tir na nÓg, Indreabhán

Dé hAoine 15

- Lá na nGasúr**
An Crannóg, Ros Muc
- 10.00** **Clann Lir** Taispeántas Ealaíne
na mBunscoile
- 11.00** **Dráma Neum Neum**
Léirithe ag Naonáin Shailearna
- 1.00** **Dráma Cinder Eile**
Léirithe ag gasúir Scoil
Náisiúnta an Chnoic,
Leitir Mealláin

- 9.00** **Ceol faoi Lán tSeol**
Seisiún Ceoil le Ceoltóirí ón
mbád seoil An Fámaire
Inis Meáin
- 9.30 - 2.00** **KÍLA** agus Na High Nellies
Óstán an Dóilín,
An Cheathrú Rua. Táille: £7

Dé Sathairn 16

- 2.00-5.00** **Comórtas na nÓg**
sa gCrannóg, Ros Muc
• Damhsa ar an Sean-Nós
• Amhránaíocht ar an
Sean-Nós
• Rogha úirlis ceoil
• Agallamh Beirte, Scéalaíocht
Foirmeacha iontrála:
Majella 091-574341; Táille £2
- 2.00** **Maratón na gCurach**
in Eanach Mheáin
Súil siar ar bhua fhoireann
rámháochta Arramara Teo.
1963-66
- 3.00** **Siompóisiam: 31 BLIAIN**
THÉIS CHEARTA SIBHIALTA
Donncha Ó hÉallaithe
Seosamh Ó Cuaig
Máirín Ní Choisdealbha
Gearóid Ó Tuathaigh
Seanscoil Shailearna
Taispeántas an clár nua 'Níl
siad ceart ná sibhialta' tar éis
an siompóisiam.
- 9.00** **SEÁN KEANE**
Óstán an Dóilín,
An Cheathrú Rua. £8/£10
- 9 - 12.00** **Dioscú don Óige** Halla Éinne,
An Cheathrú Rua. Táille: £3
- 9.00** **Seisiún Ceoil** le Ceoltóirí ón
mbád seoil An Fámaire
Tigh Ruairí, Inis Oírr

Dé Domhnaigh 17

- 12.00** **Lá Spórt ar Pháirc Chamuis**
• Rás an Tower, Camus (7 míle)
• Rása Gasúr
(100 slat, 200 slat, 1/2 míle)
• Caitheamh cruithí
• Caitheamh meachain/javelin
• Tarraingt Téid
• Cluiche Peile
• Gasúir Ros Muc v.
Camus/Leitir Mucú
- 4.00** **Siamsa na Seandaoine**
in Áras Mhic Dara,
An Cheathrú Rua
- 9.00** Taispeántas an clár grinn nua
Tús Maith Leath na hOibre
i dTigh Mhaidhcó, Ros Muc.
Tá an clár seo a deineadh i
gConamara le craoladh ar
TG4 níos deireannaí i mbliana
Ceol faoi Lán tSeol
Seisiún Ceoil le Ceoltóirí
ón mbád seoil An Fámaire
Tigh Mhaidhcó, Ros Muc

Gradam an Phléaráca



Oscailt Oifigiúil

Beidh Oscailt Oifigiúil Phléaráca Chonamara i gCois Fharraige i mbliana san ionad pobail nua Seanscoil Shailearna. Is ar an Domhnach 10 Meán Fómhair ag 8.00 a bheidh sé seo ag tarlú agus bígi ag súil le oíche mhaithe siamsaíochta mar a bhíonn i gconat ag oícheanta oscailte an Phléaráca. Tá Pléaráca ag ceiliúradh a ndeichiú féile i mbliana agus mar chuid de beidh taispeántas ag an oscailt de ghrianghrafanna a thóg Bob Quinn (grianghrafadóir oifigiúil an Phléaráca) ag féilte thar na mblianta. Beidh léiriú anseo de imeachtaí sean-nóis, comórtais agus spraoi agus beidh sé an-spéisiúil iad a fheiceáil. Sé Tom Kenny as Gaillimh a bheas ag seoladh na féile go hoifigiúil agus ansin bronnfar Gradam an Phléaráca. Bíonn chuile dhuine ar bís chuile bhliain go gcloisfidh siad cé air a bhfuil an gradam seo dá bhronnadh mar ní bhíonn an rún sceite ariamh go dtí go bhfógraíonn Cathaoirleach na Féile é. Seachain nach ort féin a bheif ag glaoch!



Ansin bígi réidh le dhul ar an urlár mar tá seanchairde (bhuel, níl siad chomh sean sin) an Phléaráca tagtha le chéile arís i gcomhar na hócáide, sin iad an Máimín Cajun Band. Chas an grúpa seo go minic ag féilte Phléaráca cheana agus bhíodh ard oíche i gconat ag gach a mbíodh i láthair. Bf cinnte go mbeidh an-oíche ann i mbliana chomh maith.

Ceol an Phléaráca

Maimín Cajun Band ag ceol ag Oscailt Oifigiúil na Féile i Seanscoil Shailearna, Indreabhán ag 9.00 – Dé Domhnaigh 10 Meán Fómhair.

Seisiún Ceoil i Tigh Bholger, Caiseal – Dé Domhnaigh 10 Meán Fómhair ag 9.30.

Bobby Gardiner in Óstán Charna – Dé Luain 11ú ag 9.30 – Fear a' Tí: Máirtín Tom Sheáinín.

Matt Cunningham ag ceol ag Comórtas Damhsa Beirte i dTeach an Daingin – Dé Máirt 12ú ag 9.30



Oíche Shean-nóis i dTigh Chualáin le linn Phléaráca Chonamara roinnt blianta ó shin

Oíche Áirneáin i dTigh Pheadair Mhóir ar an mBánrainn – Dé Máirt 12ú ag 9.30 Fear an Tí: Máirtín Mac Donnacha.

Oíche Áirneáin i Scoil na hAirde, Carna – Dé Céadaoin 13ú ag 10.00.



KILA

Kila in Óstán a' Dóilín, An Cheathrú Rua – Dé hAoine ag 9.30

Seán Keane in Óstán a' Dóilín, An Cheathrú Rua – Dé Sathairn ag 9.00 Ceol an Phléaráca

An Fámaire – Grúpa ceoltóirí traidisiúnta ag taisteal thart fán gcósta ar an mbád seoil An Fámaire. Beidh seisiún acu sna hionaid seo leanas ag tosnú ag 9.30 san oíche:


Dé Céadaoin 13ú: Tigh Mhoráin, Carna

Déardaoin 14ú: Tír na nÓg, Indreabhán

Dé hAoine 15ú: Inis Meáin

Dé Sathairn 16ú: Tigh Ruairí, Inis Oirr

Dé Domhnaigh 17ú: Tigh Mhaidhcó, Ros Muc.



Bricíní

Sé Bricíní an chéad imeacht de Fhéile Phléaráca na bliana seo agus beidh sé ar bun ar an Satharn 9 Meán Fómhair idir 10.00-6.00 i Seanscoil Shailearna, Indreabhán. Féile Leabhar do ghasúir agus daoine óga é agus chomh maith le leabhair a bheith ar taispeántas agus ar díol ann, beidh go leor imeachtaí eile ar bun freisin:

10.00-5.00: Taispeántas CD-Rom de Dhrochlá Ruairí le Colmán Ó Raghallaigh

11.00-1.00: Ceardlann Ealaíne le Gwen Uí Ghaora do pháistí (7-10mbl.) ar 'Déan do Leabhar Féin'

11.00-11.30: Diarmuid de Faoite agus muintir Phléaráca ag léamh agus ag léiriú scéal na Trí Mhuicín.

12.00-12.30: Diarmuid de Faoite ag léamh 'Mamó ag an Zú' le Mary Arrigan.

2.00-3.00: Ceardlann Ealaíne le Gwen Uí Ghaora do pháistí (4-7mbl.) ar 'Déan do Leabhar Féin'

2.00-2.30: Gabriel Rosenstock ag léamh Páidín Mháire Mhuigín agus Dánta Duitse

3.00-3.30: Tom Sailí Ó Flatharta ag léamh Róisín ar Strae, scéal le Colmán Ó Raghallaigh

4.00-4.30: Michael Mullen ag léamh 'An Bóthar Fada'

5.00-6.00: Beidh Scribhneoirí Óga Chonamara 'Ciorcal' ag léamh a gcuid saothar féin idir Scéalta agus Dánta.

Tuilleadh Eolais Ó Mhajaella i bPléaráca ag 091-574341

Taibhdhearc na Gaillimhe

AMHARCLANN NÁISIÚNTA NA GAELIGE
An tSráid Láir, Gaillimh

Léiriú
an tSathairn

'Ní maith linn do thrioblóid'

le JOE STEVE Ó NEACHTAIN

8 (réamhléiriú) – 15 Deireadh Fómhair; 8.00 i.n.

Tuilleadh eolais: 091-563600/562024

ríomhphost: taibh@iol.ie

morenet

Eastát Tionsclaíochta Thír an Fhia,
Leitir Móir

Teil: 091-551114 • Facs: 091-551296

Eangach do gharraí an iascaire agus do pháirc na himeartha

Níochán agus Deisiú Eangachaí

Déantóir Eangacha

Soláthrai Rópaí, Eangacha, Baoití agus Éadach Sábhála

Cumas Teo

Ionad Fiontar, Ros Muc, Co. na Gaillimhe



Ag dul i ngleic leis an mí-bhuntaiste

Seirbhísí Óige
Seirbhís Eolais Pobail
Seirbhís do dhí-thostaithe
Forbairt Fiontraíochta
Forbairt Pobail

Gach eolas: 091-574353/574038

An Caladh mór

ceol, ól,
bia agus CRAIC

An Spidéal, Co. na Gaillimhe
Teil: 091-553058

Taispeántas Grianghrafanna le Antaine Ó Faracháin

Is beag seisiún ceoil nó amhránaíochta sa tír nár facthas Antaine Ó Faracháin ann. Is múinteoir bunscoile é de réir gairme ach is fear ildána é lena chois sin. Tá sé ag casadh, ag cumadh 's ag bailiú amhráin dhúchasacha le ós cionn scór bliana. Chomh maith le bheith ag ceol, tá aithne air mar aisteoir agus mar láithreoir ar Raidió na Life agus Raidió na Gaeltachta. Is é a rinne taighde agus cur i láthair do na cláracha "Coiscéimeanna Ceoil" agus "Bláth na Sú Craobh" ar TG4 chomh maith.

Ach tá talann eile ag Antaine nach raibh eolas ag mórán faoi, sin gur griangrafadóir cumasach agus tuisceanach é. Sa taispeántas seo a bheas dá sheoladh go hoifigiúil ag 7.00 ar an Luan 11 Meán Fómhair i nGailearaí Chonamara sa Spidéal, tá suas le leathchéad grianghraf a thóg Antaine ag seisiún agus féilte ceoil thar na mblianta. Tá amhránaithe, ceoltóirí agus caractéirí le feiceáil as chuile cheard den tír. Is sracfhéachaint atá ann ar shaol amhránaithe agus ceoltóirí. Tugann sé leis spiorad an tseisiúin agus nádúr an duine. Seo é an chéad mhór thaispeántas le Antaine Ó Faracháin cé go bhfuil cuid mhaith grianghrafanna leis le feiceáil sa mhúsaem "Ceol" i Smithfield i mBÁC. Beidh an taispeántas le feiceáil i nGailearaí Chonamara ón 11 Meán Fómhair ar aghaidh.

Iomróirí Arramara Teo. (1965-66)

Le cupla bliain anuas tá bronnadh déanta ag Pléaráca ar fhoirne curachaí a bhain cáil amach dhóibh féin sna blianta a chuaigh thart. Anuraidh déanadh bronnadh ar na Jimmys as Inis Mhic Cionnaith agus an bhliain roimhe sin, is ar Seoige Inis Bearachain a déanadh ceiliúradh. Is taréis Maratón na gCurach a chríochnaíonn ag Galfmara in Eanach Mheáin a bhíonn na hócáidí cuimhneacháin agus ceiliúradh seo agus i mbliana, is ar fhoireann iomróirí as monarcha Arramara agus a bhí ag rásaíocht i 1965-66 a dhéanfar an bronnadh. Sin iad Cólman Coyne, Máirtín Curran, Joe John Mac an Iomaire, Máirtín Chóilín Seoige agus Johnny Sheáin Bheartlín Ó Clochartaigh as an Aird Mhóir nach maireann. Bhídís seo ag iomra i gCurach A le Arramara ag féilte Chill Chiaráin i 1965-66. Is le linn an ama seo a bhí Des Nolan ina bhainisteoir in Arramara agus a bunaíodh foirne rámháíochta sa gcomhlucht sin. Thug Des an-tacaíocht airgid do na féilte áitiúla agus chuir sé cupán thar ceann na comhluchta ar fáil.

Ag ceann de na féilte i gCill Chiaráin 1965/66, bhronn Banríon Chonamara ag an am, Caitríona Ní Neachtain as Cill Bhriocáin, Ros Muc an corn ar an fhoireann buacach. Beidh sí i nGalfmara ar an Satharn 16 Meán Fómhair chun bronnadh Phléaráca a dhéanamh ar an bhfoireann iomróirí seo. Sé Cólín Ó hlarnáin a bheas ag déanamh an chur i láthair agus beidh léiriú sleamhnáin ann freisin. Bígí ann!

Leac Dóchais ar Chnoc Mordáin

Ar an Domhnach 10 Meán Fómhair ag 3.00 beidh leac nó píosa dealbhadóireachta dá leagan ag bun Chnoc Mhordáin. Leac Dóchais atá dá thabhairt ar seo mar go bhfuil Pléaráca dá leagan síos ag ceiliúradh na mílaoise nua agus ag súil go bhfuil an Ghaeltacht seo agus a cultúr chun a theacht slán tríd an mhílaois seo. Sé Mick Wilkins, dealbhadóir atá lonnaithe sa gCeardlann sa Spidéal a ghearr an leac atá i bhfoirm tobar. Bhí na toibreacha an tabhachtach agus riachtanach ariamh i gcultúr Chonamara mar a bhí i chuile chultúr agus measadh go mbeadh sé go deas an ceangal idir an mhílaois nua agus an t-am a chuaigh thart a mharcáil le

tobar.

Roghnaíodh Cnoc Mordáin mar ionad mar go bhfuil an Cnoc seo le feiceáil as beagnach chuile áit i gConamara Theas agus é luaite i stair, seanachas, amhráin agus filíocht na Gaeltachta seo. Mar sin má tá fonn ort páirt a ghlacadh i searmanas a dhéanfas ceiliúradh ar thodhchaí na Gaeltachta san mhílaois nua, tar chuig Cnoc Mordáin ag 3.00 ar an Domhnach seo chugainn.

Beidh ceol, filíocht agus seanchas faoi Chnoc Mordáin le cloisteáil agus ba cheart go mbeadh trathnóna an deas ann. Tá Coiste na Mílaoise ag déanamh urraíocht ar an imeacht seo tríd Comhairle Chontae na Gaillimhe.



An grúpa cailínín óga a d'oibrigh le Ríonach Ní Néill anuraidh agus a chur seó álainn ar fáil ag oscailt oifigiúil na féile

Pléaráca ag cur Damhsa Comhaimseartha chun cinn arís!

Tá Ríonach Ní Néill, an damhseoir comhaimseartha a bhfuil cáil náisiúnta agus idir náisiunta bainte amach aici ag filleadh ar ais go Pléaráca mar rincoir cónaith-each i bhFómhar na bliana seo. Rinne Ríonach go leor oibre le grúpa damhseoirí óga as Conamara anuraidh agus chuireadar taispeántas ar fáil ag oscailt na féile i dTeach an Daingin. Léirigh Ríonach agus Seosamh Ó Neachtain as an Spidéal píosa nua damhsa ag an ócáid chéanna. Beidh sí ag obair ar thionscnamh rince le ógánaigh Chonamara arís an Fómhar seo, idir daltaí bunscoile agus meánscoile. Cuirfear seó ar bun ag deireadh an tréimhse bunaithe ar fhinnscéalta áitiúla agus ag obair i gcomhar le ceoltóirí agus scríbhneoirí na háite. Tá súil ag Pléaráca chomh maith fáilte a chur roimh rincoir comhaimseartha as na Déise, Port Láirge

– Fearghus Ó Conchúir a bheas ag múineadh ceardlann rince do bhuachaillí.

Chomh maith leis an bpíosa oibre thuas, tá Pléaráca théis urraíocht a fháil ón gComhairle Ealaíon chun damhsa aonarach nua a choimisiúnú ó Ríonach. Sé an téama a bheas leis an bpíosa damhsa nua seo ná – seandálaíocht teanga. Tá sé bunaithe ar scéal Ishi, an fear deireanach as treabh de na hIndiaigh Meiriceánach a mhair san naoú haois déag. Sé an cheist a bheifear a chur tríd an damhsa seo ná nuair nach labhrann ach duine amháin teanga, ar teanga í a thuilleadh?



Tigh Phádraicín

BEÁR • BIALANN
LEABA & BRICFEASTA

Na Forbacha,
Co na Gaillimhe.
Teil: 091-592444

Óstán Chuan Charna

Fón: 095-32255
Faics: 095-32530

Ríomhphost: carnabay@iol.ie
www.iol.ie/~carnabay

Tá fáilte romhat!

Pléaráca Teo

Clár Oibre 2000 - 2001

Ceardlanna:

- Sraith ceardlann 10 seachtainí
- Scribhneoireacht Chruithaitheach
- Ealaín/Péintéireacht
- Patchwork agus Cuilteáil
- Taipéis/Bróidnéireacht
- Ranganna Ríomhaireachta i gcomhar le VTOS.
- Fíodóireacht
- Damhsa ar an sean-nós
- Comhlúadar léitheoireachta

Beidh Cruinniú agus clárachán do na ceardlanna seo ag 8.00 i.n. i:

Ionad Fiontair Ros Muc	25/9/00
Halla Pobail Cill Chiaráin	26/9/00
Halla Pobail Camus	27/9/00

Ceardlanna Deireadh Seachtaine

- Déanamh Cuirtíní
- Caoladóireacht
- Cócaireacht

Seirbhísí Eolais agus Ceardlanna do Fhir.

Cruinnithe Eolais, Ceardlanna agus imeachtaí do Fhir sa bPobal:

Cúnamh le Mapaí agus foirmeacha Bólachta agus Talamhíochta. Scileanna Fiseán, Caoladóireacht, Turais Eolais agus imeachtaí Soisialta. Ba mhaith linn cloisteáil ó fheirmeoirí ar mhaith leo cuairt a thabhairt ar fheilmeacha oscailte agus Féilte agus Comórtais Talamhíochta. Bheadh muid in ann a léithid a eagrú agus seirbhís mionbhus a chuir ar fáil ar chostas an réasúnnach.

Clár Ealaíona don Óige – ag obair le Bunscoileanna, Iarthurscoileanna agus Clubanna Óige – ag reachtáil drámaíocht, ealaín, ceol, damhsa ar an sean-nós agus damhsa comhaimseartha, ciorcal scríbhneoirí óga, cursaí inseirbhíse do mhúinteoirí. Campaí Samhraidh do Pháistí ó 6bl go dtí 15bl. – Campaí Ealaíona, Fiseán, Seoltóireacht.

Riaradh Féile Pléaráca Chonamara.

Ionad Lae na Seanóirí:

Cuireann Pléaráca agus an Scéim Fostaíochta Pobail cúnamh agus tacaíocht ar fáil don Ionad Lae san Ionad Fiontair Ros Muc gach Déardaoin. Tá imeachtaí breise beartaithe do na seanóirí an Geimhreadh seo, obair láimhe, píosa ealaíona déanta as bréidín agus ábhar eile, bailiúchán seanchais agus béaloidis, amhráin, tomhaiseanna, seanfhocla srl. Seirbhís mionbhus ar fáil.

Seirbhísí eile atá ar fáil don Phobal agus do Choistí Deonacha:

Trealamh Fise/Fuaime ar léas ar chostas réasúnnach. Seirbhís Oifige, Rúnaíochta, Fótócoipeála. Seirbhís mionbhus do ócáidí speisialta.

Cúrsaí Seoltóireachta ar an Leathbhád An Colmcille

I rith an tSamhraidh – Cúrsaí Seachtaine agus Deireadh Seachtaine do dhaoine óga agus do dhaoine fásta, glacann an grúpa ar chúrsa seachtaine páirt sna geallta bád ag an deireadh seachtaine. Gnéithe den tseoltóireacht a chlúdaítear ar Chúrsa Seachtaine.

- Sabháilteacht ar an bhfarraige
- Rialacha Seoltóireacht
- Eolas faoi mharcanna talún
- Eolas faoi an ghaoth, na taoillí, agus sruthanna
- Tearmaíocht a bhaineann le báid agus seoltóireacht
- Gabháil an bháid
- Tacáil an tseoil
- Crochadh an tseoil
- Lásáil
- Stríocadh agus go leor eile.

Campaí Speisialta Seoltóireachta Mí Iúil agus Lúnasa Do dhaoine Óga idir 12–15 bl. d'aois g 11–15 / 18–22 Meán Fómhair 2000 – (5–7 i.n.) Táille £3.

Turais Seoltóireachta i rith seachtain na Féile as Ros a Mhíl

11 – 15ú Meán Fómhair ón 12n. – 3i.n. Táille: Daoine fásta £12 Daoine Óga £5 Dífhostaithe £8 Clann £20. Is seans iontach é seo le píosa do lá a chaitheamh ag seoltóireacht ar bhád traidisiúnta i dteannta báidóirí a thug an traidisiún leo ón nádúr. Tá na himeachtaí seo ar fad clúdaithe faoi árachas, tá an Colmcille faoi stiúir criú oilte, Cuirfear saicéid Sabhála ar fáil do gach duine.

Oícheanta Seanchais:

Eolas agus plé ar obair agus stair na mbád agus ar na saortha bád.

Siompósiam: 31 Bliain Théis Chearta Sibhialta na Gaeltachta

Níl dabht ar bith ach go raibh tionchar mhór ag Gluaiseacht Chearta Sibhialta na Gaeltachta ar shaol agus chultúr Chonamara. I 1969 tháinig dream óg agus dream nach raibh chomh hóg le chéile chun a míshástacht a chur in iúl maidir leis an gcaoi a raibh na húdaráis ag déileáil leis an nGaeltacht seo. Bhí an dream seo tuirseach den neamh aird a bhí déanta de mhuintir na Gaeltachta ó bunaíodh an Stát agus réitithe chun glór nua raidiceach a chur chun cinn nach raibh ag dul ag luí síos níos faide faoi dhífhostaíocht, imirce, éadóchas agus mór is fiú an chultúir Bhéarla.

Rith Cearta Sibhialta iarrthóir, Peadar Mac an Iomaire, i dtoghchán na bliana 1969. Ní fhuair sé suíochán ach fuair sé an oiread tacaíochta agus gur thuig an rialtas go gcaithfí aird a thabhairt ar éilimh na heagraíochta seo.

Ag siompósiam a bheas i Seanscoil Shailearna ar an Satharn 16 Meán Fómhair, beidh tionchar Chearta Sibhialta dá phlé.

Breathnófar chomh maith ar ghluaiseachtaí eile Gaeltachta ar nós Muintir na Gaeltachta agus Cumhacht. Siad na cainteoirí a bheas ann ná Gearóid Ó Tuathaigh ag caint faoi Mhuintir na Gaeltachta, Donnacha Ó hÉallaithe ag caint faoi Chearta Sibhialta, Seosamh Ó Cuaig ag labhairt ar Chumhacht. Beidh Máirín Ní Choistealbha ag caitheadh súil ar an chaoi a bhfuil cursaí i gConamara faoi láthair agus an dearcadh atá ag an dream óg ar stádas na Gaeltachta seo. Sé Seán Ó Tuairisg a bheas ina Chathaoirleach ar an siompósiam.

Taispeáinfean an clár fáisnéise nua “Níl Siad Ceart ná Sibhialta” taréis an siompósiam.



An Gabha Óg i mbun Oibre;
Pádraig Seosamh Ó Flatharta as an Trá Bháin

Faoi mar a deir Antaine Ó Reachtabhra faoi Bhearthla Gabha:

“Dhéanfadh sé láí, sleán agus píce,
An leaba go sásta agus coltar glan díreach,
A threabhfadh na bánta gan bhásta gan fuíollach.
Céachta, cliath is bráca, idir Márta is Féil’ Bríde
Gan lorg a láimhe ní thig leo a bheith críochnaithe;
An tsluasaid a charnfadh an lán as an díoga,
Grapa na dtrí mbrionglán le sá faoin aoileach.

“Dhéanfadh sé glasphláta go sásta agus eochair,
An pócar is an gráta is gan amhras an crochadh,
An tlú don phárlús, an heaspa is an bolta,
Insí agus táirní agus bacáin do dhoirse;
An trigger don phiostal is an gunna sé a dhéanfadh,
An ráipéar is an beagnit is na teanntáin nach staonfadh,
Sleá, speal, nó corrán má théann siad i maoile.”

Níor chuala riamh ceol ba bhinne,
Ná ceathrar gaibhne ag déanamh cruithhe,
A cheapord fhein i lámh gach duine,
Is iad ag bualadh buille air bhuille.



Ag breathnú ar an obair ar fad tar éis ceardlanncaoladóireacht na bliana seo: (ó chlé) Joe Hogan, Michael Barrett, Seán Laeine, Tomás Ó Catháin, Micheál Ó Máille agus Peadar Peircin

Ceardlanna Lae

- Maisiú Bláthanna tirime
- Grianghrafadóireacht

Turais Eolais Ealaíona agus Ceardaíochta – Nasc Ban

Taispeántais Ealaíne agus Ceardaíochta

Aonach Ceardaíochta na Nollag — An Crannóg Ros Muc 10/12/00. Ábhar ó na ceardlann- cuilteanna agus earraí láimhe, earraí cniotáilte, cártaí Nollag, cácaí Nollag, Plandaí, coinnle, Leabhra srl. beidh fáilte roimh an bpobal a gcuid earraí a dhíol ag an Aonach. Is seans é seo do dhaoine a bhíonn ag déanamh obair láimhe ag baile a gcuid earraí a dhíol.

Oícheanta Áirneáin Tigh Pheadair Mhóir

- ar an gcéad Aoine de gach Mí ó Deireadh Fómhair go Bealtaine

Oideachas Aosach:

An Bhfuil Scríobh agus Léamh agat? (tá a lán nach bhfuil agus tá cabhair le fáil is cuma cé'n aois tú) Déanfaidh muid socrú dhuit le scríobh agus léamh a mhúineadh do dhaoine fásta a bhfuil an deacracht seo acu. Tá an tseirbhís seo rúnda agus is féidir gach eolas a fháil ó Mheta Uí Mháille ag 091-574346.

Scéim Fostaíochta Pobail:

Traenáil agus scileanna sna healaíona, eisiúint nuachtlitir, tacú leis an Ionad Lae.

Bhí Máire Choilm ina girseach i dtús an chéid nua. Ba í an áit a raibh an scoil ná ó thuaidh den áit a bhfuil an tIonad Pobail anois. Bhí gasúir, a raibh na fiacra curtha go maith acu, ag freastal ar an scoil seo. Cótaí a bhíodh ar na gasúir uilig, idir bhuachaillí agus chailíní. Ní raibh d'ainm ar an muinteoir ach Nóirín na Scoile. Dá mbeadh gasúr dána, nó mara mbeadh na ceachtanna déanta, chuireadh Nóirín ina seasamh ar bord iad. Chrapadh sí suas an cóta agus thugadh sí léasadh maith dóibh san áit a n-aireoidís é. Ní raibh aon chosaint idir an tsat agus an craiceann!

D'fhreastal Máire agus a beirt deartháir, Joe agus Seán, ar an scoil seo.

I dteach beag cloch a tógadh iad, i bhfoisceacht urchar cloiche don scoil. Bhí gasúir na haoise sin dea-fhoghlamta, bíodh tada le déanamh ag slat boird leis nó ná bíodh.

Ba de mhuintir Chuaig í Máire, ach níor tugadh ariamh uirthi ach Máire Choilm. Ní raibh aon aithne agam ar a deartháir, mar bhíodar cailte, curtha, sul má rugadh mise. Bhíodh Máire ag caint ar Joe go minic. Deirtí go raibh an-amhrán aige agus nach raibh lé ar bith leis ag feadaíl. Bhaineadh Joe a chuid móna amuigh ar an Leathan Mór, timpeall leathmhíle amach an cnoc. Bhí asal mór breá beathaithe aige, agus thugadh sé an mhóin abhaile ar an asal. Bhíodh sé ina shuí go moch, agus bhíodh sé ag teacht anuas an cnoc leis an dara hualach móna sula n-éiríodh aon duine eile ar an mbaile. Na comharsanaí a bhí aige, bhíodh ag éisteacht leis ag feadaíl ag teacht anuas an cnoc, agus deiridís go mbíodh náire ar na héanachaí tosaigh ag ceol, nó go mbíodh Joe Choilm tagtha abhaile. Ba mhinic a chuala mé Máire ag rá go mba é Cuaichín Ghleann Néifinn an



Seo sleachta as aiste le Jackie Mac Donncha (ar chlé) a fuair duais Oireachtais cúpla bliain ó shin. An teideal a bhí ar an aiste ná 'Máire Choilm agus Mise'. Cailleadh Máire Choilm i lár na seascaidí. Ba í an duine deireanach den chlann í. Is dóigh gur imigh an seal léi.

Máire Choilm agus Mise

t-amhrán ab fhearr leis agus go mbíodh sé dhá chasadh i gcónaí.

Fuair Máire agus a deartháir deis cónaí i dteach Comhairle Condae ach níor fhanadar ann. Scilling sa tseachtain an cíos a bhí le n-íoc, ach ní raibh Máire sásta an scilling a íoc. Bhíodar uibhreath, ar nós go leor eile ag an am, agus b'fhearr leo gach rud ar a gconlán fhéin. Thóg Joe bothán beag sealadach, déanta as móin. Uirlár dóibe, ceann tuí, agus simléar. Nuair a bhí an teachín déanta aige thóg sé teach cloiche. Ceann tuí a bhí ar an teach seo, freisin, agus sailltreacha giúsaigh, a bhain sé sa gcnoc, a bhí mar rataí. Scraitheachaí móra leathana a bhí idir na rataí agus an tuí. Cheangail sé an tuí le súgán féir. Ba é sin a dteach, agus ansin a mhaireadar.

Rinne Joe veidhlín as píosa adhmaid, lena lámha féin, agus chas sé ceol air.

Narbh iontach an lánseáil é, an lá ar bhain sé ceol as an uirlis, leis na lámha céanna a rinne!

Bhíodh plúchadh ar Joe, agus thagadh meirfean go minic ar an bhfear bocht. Ní raibh aon aois mhór ar Joe, ach an oiread lena dheartháir, nuair a cailleadh é. Ach cailleadh Joe faoi dhó! Bhí

comharsanaí maithe ag Máire Choilm, agus dá mbeadh aon anró uirthi bheidís ar an tairseach ar iompú do bhoise. Lá amháin bhí meirfean ar Joe. Bhí sé ina luí ar leaba, a bhí déanta as tuí, faoin bhfuinneog bheag a bhí ar an teach. Tharla sé go raibh duine nó beirt de na comharsanaí istigh sa teach ag an am, agus cheapadar go raibh Joe cailte. Bhí duine acu ag iarraidh súile Joe a dhúnadh. Ach ní fhanfadh na súile dúnta! Tháinig comharsa eile thar an tairseach. Bhí an teach dorcha go maith faoi seo, agus gan áit ag aon duine eile taobh istigh. D'fhiafraigh an fear a tháinig, ina sheanbheic, "Cén chaoi bhfuil tú, a Joe?"

"M'anam nach mbeadh caill ar bith orm, dá dtógfadh an t-amadán seo a chuid ordógaí móra de mo shúile," a deir an glór, ón urlár.

Bhí Joe ar ais ina measc, aríst.

Níor phós Máire Choilm ariamh, cé go ndeiridís go raibh cúpla leaid óg ag éirí aníos lena linn, a bhíodh ag iarraidh iad féin a bhrú chun tosaigh. Deir siad go raibh sí chomh cantalach le dris nuair a luafaí leids, nó cúinneáil, nó cúirtéireacht, nó

cocaí féir. Bhí an greann fairsing ag an am, bhí an troscadh fada, agus ní ití feoil Dé hAoine.

Níor thuig mé ariamh cén fáth a raibh riail na feola le linn aimsir Mháire Choilm, agus gan feoil Déardaoin, ná Dé Céadaoin ná aon lá eile.

• • •

Nuair a tháinig sagart cúnta go Cill Chiaráin sa mbliain 1943, bhíodh aifreann sa séipéal chuile mhaidin. Roimhe sin, ní bhíodh aon aifreann i rith na seachtaine, cé is moite don Domhnach. Bhíodh Máire Choilm ar Aifreann chuile mhaidin, agus bhíodh sí ar an gcéad duine sa Séipéal maidin Domhnaigh. Bhíodh sí ina suí san suíochán céanna i gcónaí. Ach bhí seal dá saol, agus ní bhíodh aon suíochán aici. Ní raibh sa séipéal ar dtús ach sé cinn de shuíocháin, agus iad gar don altóir. Suíocháin a cheannaigh "na boic mhóra," a bhí sna sé shuíocháin, agus bhíodh na suíocháin "dúnta do na gnáthdhaoine." Ní raibh cead acu seo suí. Bhí lucht an airgid níos gaire don altóir, ach b'fheidir go raibh Máire Choilm agus a leithéid, níos gaire do Dhia.

• • •

I lár na gcaogaidí a cailleadh Joe Curran, comharsa domsa agus do Mháire Choilm. Ba Tigh Churraoin a bhí an chéad Wireless, agus bhímis isteach ann go minic ag éisteacht le "Céili House." Ba iomaí lá a d'fheicfinn an seanfhear ina shuí ar an gcláí thíos ag Garraí an Tobair, ar bhrúach na farraige. É ag breathnú uaidh amach i dtreo Oileán Cheonnlaide, an áit a mbaineadh sé a chuid feamainne leasaithe, tráth dá shaol. Maidhmeanna béaga cineálta farraige ag cogarnaíl anois leis na clocha duirlinge a bhí scaipithe thart faoin gcláí. B'fheidir go raibh na maidhmeanna céanna ag cogarnaíl le Joe, ag trácht ar mhuiríní, is ar fheamainn, is ar thránna móra.

D'fheicfinn Joe ag éirí den chlaí, ag breith ar a mhaide, agus ag déanamh a bhealaigh aníos in aghaidh an aird, i dtreo a thí. Seanfhear slachtmhar nádúrtha comharsanúil, ar a bhealach abhaile.

Dúirt mo mháthair liom a ghabháil soir agus paidir a rá do Joe Curran an lá ar cailleadh é. Chaith mé na trí chlaí a bhí le caitheamh, agus bhí mé ar an tsráid, agus ansin isteach sa gcistineach. Ní dheachaigh mé níos faide. Bhí a bhean, Grace, ina suí ag an tine ag breathnú isteach sa lasair. Bhí doras an tseomra ar oscailt, agus chonaic mé Joe ar an leaba. Dúirt mé mo chúpla paidir, agus amach liom de sciotán. Ba é seo an chéad uair agam duine cailte a fheiceáil. Is dóigh nár chreid éinne mé go raibh sé imithe mar go raibh sé fós sa leaba. Níl fhios agam an airíonn gasúr brón ná uaigneas, ach bhí aistíl éicint ar an ngasúr seo an lá sin. Níor chaith mé aon léim thar claí ar mo bhealach abhaile. Níor thóg mé an t-aicearra. Shiúil mé an bóthar abhaile. Lá arna mhárach agus a chlann mhac dhá thógáil amach as an teach, ina bhosca deireanach, tháinig an aistíl ar an ngasúr, aríst, agus mé ag cuimhniú nach bhfeicfinn an seanfhear ag siúl an bhóthair, aríst, go brách. Bhí scealp bainte as an mbaile, agus geampa bainte as mo shaol.

• • •

Bhíodh racht de gháire le cloisteáil go minic ó Mháire Choilm, agus thagadh sé ó fhíoríochtar a croí. Sa mbliain 1960, bheartaigh cuid de leids an bhaile caoi a chur ar an teach do Mháire. Shocraíodar leis an sagart go mbeadh cóisir acu san halla, chun beagán airgid a bhailiú le cúnamh a thabhairt leis an gcostas. Thar oícheanta an domhain, bhí cóisir eile, ag an sagart céanna, san taobh eile den pharóiste. Níor déanadh freastal ar an dá thrá, agus ní mórán airgid a cruinníodh don obair. Ach níor chuir sin stop le

Máirtín Johnny Tom, Tom Sheáinín, Tom Toole, ná Andy Halloran. Chuireadar caoi ar na ballaí, chuireadar díon since ar an teach, agus chuireadar síos urlár nua. B'shin an áit a raibh an spraoi agus an chraic agus an gháirí, agus an tae láidir. Ba í Máire a chuir an racht uaithi nuair a líon sí a píopa le píosa de fhód móna, a bhí leagtha ar an stóilín le taobh na tine. Bhí duine de na leids theis an plog tobac a chur i bhfolach, agus plog móna a chur ina áit. Ba í a mhol na leids sin de bharr a gcuid oibre. Bhí sí fhéin chomh bródúil le cat a mbeadh póca air!

Bhí Máire óg go maith nuair a chuaigh an Titanic go tóin poill. Bhí sí óg nuair a chuaigh Buachaill Báire an Domhain Thiar ar stáitse don chéad uair. Bhí sí óg le linn Éirí Amach na Cásca, nuair a maraíodh na hÓglaigh, agus ba mhinic í ag caint ar na Tans a tháinig ar an mbaile i 1920. Bhíodar ina gcónaí gar go maith di i gCill Chiaráin. Bhí sí ina bean óg nuair a tháinig Seanad Éireann le chéile don chéad uair, agus nuair a bhí Dúbhghlas de Híde ina chéad Uachtarán ar Éirinn, nuair a cailleadh W. B. Yeats, agus nuair a thuirling an chéad eitleán ag Rinn Eannaí. Bhí sí gar don leathchéad nuair a cailleadh John Mc Cormack, agus nuair a déanadh Uachtarán do Sheán T. Ó Ceallaigh. Bhí na trí scór caite go maith aici nuair a maraíodh naonúr saighdiúir Éireannach, de chuid na Náisiún Aontaithe, i Niemba, agus ní mórán airde a bhí aici ar an Teilifís a cuireadh ar bun i 1962.

Ar an mbóthar a bhuail an tinneas í, agus í ar a bealach abhaile ón siopa. Ní bhfuair sí réidh leis an tinneas, agus bhí uirthi dul san Ospidéal. San Ospidéal a fuair sí bás.

• • •

Céard a déarfadh Máire Choilm liomsa, lá de na laethanta údán, nuair a chastaí liom ar an mbóthar í,

dá n-abróinn léi go dtiocfadh an iá nach mbeadh an bradán fiáin níos mó! Go n-íosfadh sé beatha as láimh an duine go díreach mar chaithfeá gráinne coirce ag cearc! Go dtiocfadh lá go mbeadh duine ag caint agus é caillte!

Go ndéanfadh fear agus bean páiste le chéile, agus gan iad i bhfoisceacht scread asail dá chéile. Go seasfadh fear gualainn ar ghualainn le fear na gealaí, agus go mbeadh na milliúin ag breathnú. Go mbeadh fear amháin ag bleán 300 bó ag aon am amháin, gan láimh a fháisceadh ar shine! Go bhfeicfeadh bean a páiste, agus gan an páiste beirthe fós! Go dtiocfadh an lá go mbeadh na milliúin ag fáil bháis le hocras, agus cnoc feola an taobh eile dhíobh! Go mbeadh dath dearg ar bháisteach, agus nach mbeadh gá níos mó le tobar fíoruisce! Go n-íocfadh duine dhá phunt ar mhála folamh, agus ansin go gcaithfeadh sé

uaidh é! Go mbeadh sé níos scioptha labhairt le duine thall i mBoston Mheiriceá, ná labhairt le comharsa béal dorais! Go dtógfaí an croí amach as duine agus go gcuirfí ar ais arís é! Is dóigh go ndéarfadh Máire, “mo chuid tubaiste ort, téigh ag magadh faoi dhuine éicint eile,” go bhféiscfeadh a seál dubh thart uirthi féin, agus go mbuailfeadh sí bóthar. Nó b’fhéidir – agus níl ann ach b’fhéidir – go ndéarfadh sí “faraor gan mé chomh hóg leat,”

B’fhéidir go ndéarfadh sí “tá mé chomh bodhar le slis” mar bhíodh an abairt sin aici mara mbeadh sí ag iarraidh rud a chloisteáil.

• • •

Ní raibh aon choinneoir óir ag Máire Choilm, ná bord a bhí trí scór troigh ar fad. Ní raibh sceana agus forcanna airgid aici, agus ní i gcónaí a bhíodh im ar a cuid aráin. Ní raibh stocaí lása uirthi, ná bróga sálaí arda.

Go deimhin, an lá ar cailleadh í, ní raibh an oiread airgid aici is dhéanfadh torann ar leic.

Níl a héadan breactha ar bhonn óir, ná airgid, agus níl páirc, ná foirgneamh ainmnithe ina honóir. Ach an lá ar leagadh a cónra ar charnán dubh créafóige i reilig Chill Chiaráin, le taobh a huaighe, bhí an t-achar céanna talún aici is dá mba banríon í.

Ní raibh mórán baile nach raibh leithéid Mháire Choilm ann, agus ba bhoichte an baile nach raibh. Tháinig an saol go mall agus go réidh lena linn, agus thóg sí é mar tháinig sé. Níor chuir sí dlús leis. Chreid sí gur mar a bhí a bheadh, agus mhair sí dá réir.

Ré Mháire Choilm. Ré an dóchais. Ré na measarachta, na flaitiúlachta, na geanúlachta, na gealghnúise, agus na gealgháireachta. Chonaic sise uilig é. D’éirigh liomsa drioball beag a fháil. . . .

Ceol Pobail

Coincheap Nua sa gCeol

Cuireann Caitríona Ní Chonaola síos ar curchuige nua chun an ceol a mhúscailt ionainn uilig.

Is coincheap nua é an Ceol Pobail atá tagtha chun cinn in Éirinn le dhá bhliain anuas. Baineann sé le ceol a thabhairt isteach sa bpobal agus tá sé bunaithe ar an bprionsabal go bhfuil an ceart agus an cumas ag gach aon duine ceol a dhéanamh agus a chruthú. Tríd an gceol pobail, tugtar deis do dhaoine teacht ar réimse leathan ceoil tré a bheith páirteach i gcláracha sainspéise m.sh., amhránaíocht, ceol domhanda, damhsa, déanamh uirlisí, cumadóireacht srl. Déanann na cláracha seo cothromú agus comhlánú ar an obair atá ar bun ag scoileanna, institiúidí foirmeálta ceoil agus ag gníomhaíochtaí tráchtála. Cuireann rannpháirtíocht i gcláracha Ceol Pobail le taithí dhearfach an cheoil i measc an phobail mar go gcruthaíonn sé suim, caitheamh aimsire agus deiseanna sóisialta idir gach aicme agus aoisghrúpa. Is féidir cláracha Ceol Pobail a úsáid in obair fhorbartha phearsanta le spriocghrúpaí éagsúla chun torthaí dearfacha a bhaint amach, m.sh., An Óige, an t-aosach, daoine le riachtanaí ar leith, tá an réimse spriocghrúpa chomh leathan leis an gCeol Pobail féin.

I dtíortha san Aifric, tarlaíonn an ceol pobail go héasca agus go nádúrtha i measc na ndaoine i ngan fhios dóibh féin. Cé nach bhfuil mórán de mhaoín an tsaoil ag na daoine seo, tá an ceol agus rithim an cheoil go smior iontu. Úsáideann siad a gcuid samhlaíochta chun ceol agus uirlisí ceoil a chruthú agus tapaíonn siad gach deis chun a bheith ag gabháil don cheol agus don amhránaíocht ina bpobal féin.

Bhí an faisean seo ag muintir Conamara fadó, deirtear liom. Chloisfeá daoine ag gabháil fhoinn agus iad i mbun a gcuid oibre. Ní ag brath ar an raidió ná teilifís a bhí siad mar nach raibh a leithéid ann. Tharlódh seisiún nó *time* sna tithe dá dheoin féin agus bhíodh samhlaíocht ag baint leis an mbealach a ndearna siad é. Muna raibh bosca ceoil in aice láimhe, bhí orgán béil, portaireacht nó an fheadaíl féin in ann na daoine a chur amach ag damhsa. Ar ndóigh, bhí na daoine ar mhuin na muice nuair a tháinig an raidió mar thug sé seo sos don lámh a bhíodh ag casadh an *gramophone*.

Rinne an raidió athbheochan iomlán ar an gceol Gaelach sa tír seo mar gur thug sé an ceol isteach sa teach ag na daoine. Rinne an teilifís a cuid féin ina dhiaidh sin. Cé gur iontach an dul chun cinn a bhí sa méid sin ag an am, braitheann daoine rómhór ar na meáin anois le caitheamh aimsire a sholáthar dóibh féin – go háirithe, an óige. Tá an saol athraithe chomh mór sin ó tháinig ré na teilifíse nach bhfuil an deis chéanna ag daoine anois a bheith páirteach i



Mary McPartlan (ar dheis) ag bronnadh teastais Ceol Pobail ar Chaitríona Ní Chonaola

ngníomhaíochtaí ceoil mar a bhí ag an nglúin a chuaigh romhainn. Seo í an áit ina dtagann an Ceol Pobail isteach. Tá sé de cheart agus de chumas ag gach duine, sean agus óg, bocht nó saibhir, a bheith páirteach i ngné éigin den cheol agus trasnaíonn an ceol gach teorainn.

I 1999, bhí an chéad chúrsa oiliúna i gCeol Pobail san Iarthar. Bhí cúrsa i mBéal Feirste an bhliain roimhe sin agus tá M.A. le fáil i gCeol Pobail in Ollscoil Luimnigh i mbliana. Is iad an grúpa “Sound People” ón mBreatain a chuir an traenáil seo ar fáil, grúpa atá ag plé leis an gCeol Pobail sa tír sin le chúig bhliana déag. Sa mBealtaine i mbliana, bunaíodh nasc de cheoltóirí pobail i nGaillimh chun freastal ar an éileamh a bhí ag spriocghrúpaí éagsúla ar chláracha ceoil pobail sa gcathair. Tá an nasc seo déanta suas de rannpháirtithe a rinne an cúrsa Ceol Pobail i nGaillimh, Páirtíocht Chathair na Gaillimhe agus Sound People.

Beidh Féile Cheol Pobail na Mílaoise ar siúl i nGaillimh ón 25 Meán Fómhair go dtí an 1 Deireadh Fómhair. Tá an Féile seo eagraithe chun daoine a chur ar an eolas faoi choincheap an Cheoil Phobail tré cheardlanna spéisiúla a chur ar fáil don phobal. I rith na Féile beidh ceardlann ceoil tré Ghaeilge ar siúl agam in Áras na nGael ar an Satharn an 1 Deireadh Fómhair óna 4.00-6.00 a chlog tráthnóna. Beidh an cheardlann seo agus na ceardlanna ar fad a bheidh ar siúl i rith na féile saor in aisce agus beidh fáilte roimh chách. Críochnóidh an fhéile le Comhdháil lae sa gClubtheach in Eanách Mheáin, áit ina ndéanfar plé ar théamaí Ceol Pobail in Éirinn. Is féidir tuilleadh eolais a fháil uaimse; Caitríona Ní Chonaola ag an uimhir: 087 2899 480 nó ag an seoladh ríomhphoist: ceol@oceanfree.net.

EUROPUS

AN COMHLUCHT TEANGA

Comhairleoireacht Teanga

Aistriúcháin Fothéidealú
Aistriúcháin Comhuaineach

EUROPUS TEO

1 Sr. na Mumhan
Baile Phib
Baile Átha Cliath 7

Teil: 01-830 4529
Faics: 01 830 6611

An Cheathrú Rua
Co. na Gaillimhe

Teil: 091-595359
Faics: 091-595351

Ríomhphost (e-mail) europus@indigo.ie
http://indigo.ie/europus/

Stiúrthóir: Áine Ní Chonghaile

Abair ceart é - abair trí Europus é

Coiste Gairmoideachais Chontae na Gaillimhe

IONAD OIDEACHAIS SHEACHTRAIGH.

CEAPACH NA gCAPALL

Suíomh: Tá an t-ionad suite ar chladach theas Loch Measca, le Loch Coirib ag sineadh ó dheas, Sléibhte Mám Tuirc san Iarthar agus machairí aolchloch na Gaillimhe agus Foraoisi Stáit san Oirthear. Tá 18 n-acra ag an gceantar, maille le 16 acra eile ar oileán 300 méadar ó thanalacht Loch Measca.

Saoráidí: Tá saoráidí iomlána ag Ionad Oideachais Sheachtraigh Cheapach na gCapall le saoráidí codlata do 48 mac léinn i dtí suanlios, maille le dhá sheomra do theagascóirí. Tá péirc sorn leictreach agus sorn gáis amháin sa chistin, chomh maith le hoighreadán, iosreiteán, inneall níocháin, agus ha háiseanna uile cócaireachta (potai, friochtáin, gréithre, sceanra).

Tá leithris ar leith agus saoráidí Cithfholcaidh d'fhir is do mhná san Ionad.

Tá áit sa mbialann do 100.

Tá córas teasa láir ola-adhainte san fhoirgneamh, maille le tinteán oscailte sa mbialann. Tá saoráidí seomra triomaithe ar fáil agus neart spáis stórála.

GNÍOMHAÍOCHTAÍ

Ar an Suíomh
Loch:

Snámh
Curachóireacht
Iascaireacht
Seoltóireacht
Gníomhaíochtaí Sub-Aqua
Cláirseoltóireacht

Fad Stíll
Foraoisí:

Oirthoieacht
Eolas an Dulra
Sléibhte:
Ailleadóireacht
Pluaiseanna:
Coireoireacht

Tuilleadh eolais ar fáil ó:

Ms. Patricia Walsh (Bainisteoir),
Petersburg Outdoor Education Centre,
Clonbur,
Co. Galway.

Telefon (092) 46438/46416

Facs (092) 46705

Tá an Ghaeltacht ag laghdú chuile bhliain...

so you could soon be reading this in English

Easpa Gaeilge i gclós na scoile...
Easpa Gaeilge sna tithe tábhairne...
Easpa Gaeilge ag na h-údaráis phoiblí...
Easpa Gaeilge mar thodhchaí ag an nGaeltacht?

Ach is féidir leatsa rud éigin a dhéanamh faoi seo.

Bunaíodh Coimisiún na Gaeltachta chun todhchaí na Gaeltachta a chinntiú. Chun é seo a dhéanamh, tá do thuairimse riachtanach don Choimisiún.

Beidh cruinniú á eagrú go gairid in aice le do bhaile féin ionas gur féidir leatsa cur síos a dhéanamh ar na fadhbanna a bhaineann le saol na Gaeltachta inniu. Is fútsa atá sé freagracht a thógáil as todhchaí na Gaeltachta.

Mura ndéanfaidh tusa é, cé a dhéanfaidh é?



**COIMISIÚN
NA GAELTACHTA**

tón: 091 592555 | faics: 091 592595 | eolas@coimnagael.ie | www.coimnagael.ie
meas media

Corn na hlománaíochta — Corn Liam Mhic Chárthaigh

Tá an corn álainn do bhuaiteoirí Chraobh Shinsear Iománaíochta na hÉireann ainmnithe i gcuimhne an tsárGhaeil, Liam Mac Cárthaigh, a rinne obair churata ar son chluichí Chumann Lúthchleas Gael i Londain Shasana i gcaitheamh a shaoil.

I gCathair na gCeo a saolaíodh Liam in 1851. Ba as an mBrú i gCo Luimnigh dá mháthair agus tháinig a athair as Baile Garbháin i gCo. Chorcaí.

In 1895 ceapadh Liam ina chisteoir ar Bhord Chontae Londain agus trí bliana níos deireanaí toghadh é mar uachtarán an Bhoird. Nuair a bunaíodh Comhairle Chúigeach, léirigh Gaeil Londain a meas ar an gCárthach mar toghadh é d'aonghuth mar uachtarán agus lean sé air ag obair ar a



chroídhícheall sa phost seo ar feadh na mblianta.

D'eagraíodh sé comórtais peile is iománaíochta go féiltiúil leis an gcaighdeán imeartha a fheabhsú i measc a chine thall agus ina theannta sin thugadh sé foirne as Éirinn anonn ó am go ham le go rachadh a stíl agus a stuaim i gcion ar Ghaeil Londain.

Bhí an Cárthach fíriúil agus

lom dáiríre de shíor i mbun a gcuid oibre. Agus bhí a shliocht air, chuaigh C. L. G. ó neart go neart sa Bhreatain lena linn.

Ní hionann agus Somhairle Mag Uidhir bocht a bhí ar Shlí na Fírinne nuair a ainmníodh an Corn Peile ina dhiaidh féin, bhí sé d'onóir ag Liam Mac Cárthaigh gur bhronn seisean an Corn Iománaíochta den chéad uair i 1921 ar Luimneach, buaiteoirí Chraobh Shinsear na hÉireann. Agus gach bliain uaidh sin nó gur shéalaigh an t-anam as i 1928 rinne sé an beart céanna ag bronnadh an Choirn ar an gcaptaen buach.


Buaiteoirí Chorn Mhic Cárthaigh

Maidir le buaiteoirí Chorn Liam Mhic Chárthaigh, tá

Corcaigh chun tosaigh ar chontaetha uile na Fódla. Uair is fiche a rinne na gaiscígh cois Laoi an beart. Tá Cill Chainnigh sa dara háit le ocht mbua dhéag agus Tiobraid Árann sa triú háit le cúig bhua déag. Cúig uaire a rinne Luimneach agus Loch Garman an gaisce; ceithre huaire Gaillimh is Ua Fáilí, trí huaire Baile Átha Cliath, agus Port Láirge agus An Clár dhá bhua an taobh.

Is fiú a lua gur chuir Cumann Lúthchleas Gael corn nua ar fáil in ionad an tseanchinn do Chluiche Ceannais Iománaíochta na bliana 1992 idir Cill Chainnigh agus Corcaigh. Agus tá sé le maíomh ag na báireoirí ó bhruacha na Feorach gur rug siad an lá leo leis an scór 3-18 in aghaidh 1-13

Séamas Ó Cualáin



Taisteal na Cruinne

Aonad 4
An Spidéal
Co. na Gaillimhe

Fón: 09-1-553149 Facs: 091-553289 itaa

Cogaslann & Bláthlann Uí Mhistéil

Pictiúir Pas agus Ceadúnais Tiomána
i 60 soicind!

An Cheathrú Rua
Fón: 091-595154/595169
Faics: 091595154

TIGH RORY

LEITIR MÓIR
8.30am – 8pm

SIOPA GÁS, GUAL, BLUGAS
BEATHA BEITHÍOCH SRL

Go n-éirí go geal leis an bPléaráca

Tigh pheadair mhóir

bainreach, baile na habhann

beár

Go n-éirí go geal leis an bPléaráca



Is as Cill Chiaráin é Jackie Mac Donnacha, é pósta le Frances as cathair Chorcaí agus triúir clainne acu, Cormac, Deirdre agus Seán. Tá a chuid filíochta foilsithe san leabhar "An Chéad Chló" a chur CIC amach i 1997. Tá

duaiseanna Oireachtais buaite aige lena chuid filíochta agus aistí agus tá cuid dá chuid saothar foilsithe i gComhar. Scríobhann sé gearrscéalta agus amhráin chomh maith. Tá amhrán leis "Aislingí" ar an albam Réalta '95 agus "Lámh an Bhádóra" ar an albam Réalta '96.

B'as Oileán Fhínse dá athair. Thóg Seamus Ennis amhráin agus seanchas óna sheanathair, Seán Choilmín 'ac Dhonnacha. Sé an caitheamh aimsire is fearr le Jackie ná iascaireacht slaite.



Ar an gCré Dhubh sa Spidéal i gCo. na Gaillimhe a rugadh agus a tógadh Joe Steve Ó Neachtain agus is ann atá áitreabh air. Tá geamaireachtaí agus drámaí scríofa aige, amhráin agus filíocht, scripteanna agus

sceitseanna, agallaimh beirte agus lúibíní chomh maith lena shaothar do pháistí agus do dhéagóirí. Is é a scríobh script an tsraithdhráma raidió, Baile an Droichid, a bhí deich mbliana á chraoladh ar Raidió na Gaeltachta. Tá gradam Litríochta Chló Iar-Chonnachta, duaiseanna Oireachais, Jacobs Award, Gradam an Phléaráca, duais Arts Council/Connacht Tribune gnóthaithe aige i dteannta na nduaiseanna a bronnadh air ag Slógadh, ag an bhFéile Náisiúnta Drámaíochta agus ag an bhFéile Pan Cheilteach. Tá aithne ag muintir na hÉireann ar Joe Steve mar Pheadar ar an tsraithdhráma Ros na Rún.

Aoine an Chéasta

le Jackie Mac Donnacha

Lá seo an troscáigh
is an tréanais
is ár gCarghas
ar thob scoir.

Kaleidoscope sólaistí Cásca
cruachta
as máilíní illdathacha
an Superstore.

Scaip mé craobhacha
Pailme
faoi na cosa
nuair d'ofráil sí
pár
mar bhronntanas
dom' shaoradh
om' sciúrsáil.

Ní thiomáinfinn táirne
ní iompóinn fód
inniu. . .

Ach fuair an craos
an ceann ab' fhearr
ar an fhuil is
ar an fheoil
is ar an íobairt

Mar gur lá síl é
ní dóigh gur bhris an truán seo
a Charghas
le siolla
nuair leag sé an peann
ar an bpáipéar.

Snua

le Joe Steve Ó Neachtain

Ba dhona liom do bhris, a sheanfhir.
Leic chille mar mhaide croise agat;
Rithim na sluaiste dóibe
Ar bhodhrán cónra ag
Pléascadh i bpoll do chluaise.

Sú goirt do shúl ag
Coisreacan créafóige,
Is deas aibí do chuid
Síl á athchur i
mBroinn sheasc na talún.

Mheall do shnua mo shúil;
Is greanta ar leic do
Leicinn, i scríbhinn fhéitheacha
Bhí dúch do chuid fola
Ag tuar do bháis go haibéil.

Sul má chneasódh cneá
An lán sa scriath, shuaithfí
An dóib seo aríst, is
Bheadh súlach do choirp ag
Silt ar chorp do mhic
A bhí óg folláin is díchéillí inné.

(De Dhroim Leice 1990)



Is as Mín a' Leá, i gcomharsanacht Ghort an Choirce i dTír Chonaill é Cathal Ó Searcaigh. File Mhín a' Leá a thugtar air agus cáil idir náisiunta bainte amach ag a chuid filíochta. Beidh Cathal ag léamh ag an Oíche Fhilíochta i gCeol na Mara sa Spidéal ar an Déardaoín 14 Meán Fómhair ag 8.00. Dúirt Gréagóir Ó Dúill an méid seo faoi roinnt blianta ó shoin "Is é Cathal Ó Searcaigh an file Gaeilge is mó aitheantais, an file is mó a bhfuil fallaing ghairmiúil an fhile tógtha uime go poiblí sa Chúige"

Siad na saothair atá foilsithe go dtí seo ag Cathal *Miotragéid Cathrach* (Cló Uí Chuirreáin 1975), *Tuirlingt* (Clódhanna 1978), *Súile Shuibhne* (Coiscéim 1987), *An Bealach 'na Bhaile* (CIC 1991), *Homecoming/ An Bealach 'na Bhaile* (CIC 1993, 1995, 1997), *Na Buachaillí Bána* (CIC 1996), *Out in the Open* (CIC 1997)

Tá aistriúcháin déanta ar a shaothar i ndeich theanga. Bíonn sé ag fáil cuireadh a chuid filíochta a léamh ar fud an domhain. Tá sé ina bhall de aosdána ó 1995. Tá go leor oibre déanta aige don teilifís agus raidió agus tá scannán déanta ag Carol Moore bunaithe ar a dhán "Gort na gCnámh". Tá seal caite aige mar scríbhneoir cónaitheach in ollscoileanna in Éirinn, ó thuaidh agus ó dheas. Faoi láthair tá sé ina scríbhneoir cónaitheach i dTeach an Fhile sa bhFál Carrach.

Caoineadh

(i gcuimhne mo mháthar)

le Cathal Ó Searcaigh


Chaoín mé na cuileatacha ar ucht mo mháthara
An lá a bhásaigh Mollie – peata de sheanchaora
Istigh i gcreagacha crochta na Beithí.
Á cuartú a bhí muid lá marbhánta samhraidh
Is brú anála orainn beirt ag dreasú na gcaorach
Siar óna hAilltreacha nuair a tímíd an marfach
Sna beanna dodhreaptha. Préacháin dhubha ina scaotha
Á hithe ina beatha gur imigh an dé deiridh aisti
De chnead choscrach amháin is gan ionainn iarraidh
Tharrthála a thabhairt uirthi thíos sna scealpacha.
Ní thiofaí mé a shásamh is an tocht ag teacht tríom;
D'fháisc lena hucht mé is í ag cásamh mo chaill liom
Go dtí gur chuireas an racht adaí ó íochtar mo chroí.
D'iompair abhaile mé ansin ar a guailneacha
Ag gealladh go ndéanfadh sí ceapairí arán préatí.

Inniu tá mo Theangaidh ag saothrú an bháis.
Ansacht na bhfilí- teanga ár n-aithreacha
Gafa i gcreagacha crochta na Faillí
Is gan ionainn í a tharrtháil le dásacht.
Cluinim na smeachannaí deireanacha
Is na héanacha creiche ag teacht go rapaidh,
A ngoba craosacha réidh chun feille.
Ó dá ligfeadh sí liú amháin gaile – liú catha
A chuirfeadh na creachadóirí chun reatha,
Ach seo í ag creathnú, seo í ag géilleadh;
Níl mo mháthair anseo le mé a shuaimhniú a thuilleadh
Is ní dhéanfaidh gealladh an phian a mhaolú.

Maria Seosaimhín Ní Churraoin as an gCnocán Glas, An Spidéal a bhuaigh dhá dhuais bhreátha i gComórtas na nAmhrán Nuachumtha in onóir don Ghael dílis, Pádraig Mac Piarais, sa Chrannóg i Ros Muc ar 29 Lúnasa 1986.

Chomh maith leis an amhrán a rá ba í Maria í féin a chum é. Nár lagaí Dia í.





(ó chlé)

Ar bord an Traonach ag teacht amach ó
Oileán Mhic Dara roinnt blianta ó shin.
Conor Keane ar an mbosca ceoil, Mairéad
Ní Chuaig ag damhsa

(pic: Eilis Ní Mhaoláin)

Stiofán Jack Ó Cualáin,
An Caorán Beag, An Cheathrú Rua

(pic: Éamon de Buítléar)

Cóil agus Pádraig Kelly ar Oileán Mhic
Dara, Iúil 2000

(pic: Meta Uí Mháille)




Muintir Neachtain as Béal an Daingin i
Lourdes, Meitheamh 2000

(pic: Meta Uí Mháille)

súil siar



bob quinn



(ó chlé)

Ag damhsa ar an sean-nós: Nan Tom Taimín; Micheál Ó Conghaile; Cóil Phat Mhaoile Mac Donnacha; Gaelcheol Tíre; Tomás Mac Eoin; Cóilín Sheáin Dharach Seoighe, Johnny Phádraig Pheter Connolly

Pete Dorian

Ciorcal

Scribhneoirí Óga Chonamara

Tá an litríocht tábhachtach i saol cultúrtha agus ealaíona an phobail. Má tá muid ag súil go mbeidh scríbhneoirí nua ag teacht aníos sa nGaelacht, ní mór daoine óga a ghríosadh chun a gcuid scéalta agus dánta féin a bhreacadh síos.

Tá scéim maith ar bun ag Údarás na Gaeltachta, Scrib Cleite, a thugann deis do scoláirí sna hiarbhun-scoileanna freastal ar cheardlanna scríbhneoireachta cruthaitheacha faoi stiúir scríbhneoir gairmiúil.

Le cur leis an scéim seo, bheartaigh Pléaráca ag deireadh 1999 grúpa scríbhneoirí óga a bhunadh ionas go mbeadh deis ag daoine óga teacht le chéile go rialta chun comhairle agus treoir a fháil ó scríbhneoirí aitheanta agus óna chéile. Thug Gertrude Nic an Iomaire agus Máire Ní Fhíneadha, beirt mhúinteoir Gaeilge atá an ghníomhach ina scoileanna féin, comhairle dúinn agus thug muid cuireadh do Ghreg Ó Braonáin an grúpa a stiúradh.

An Abhainn

Uisce na hAbhann
ag ritheacht go tapaidh
ar nós smaointe m'óige
i m'intinn

Corr chloch
ag stopadh an bhealaigh
ach, téann siad os a chionn
agus timpeall air.
Léimeann corr éisc gheal
Ach fós tá na clocha le feiceáil

Feicim iascaire ar an mbruach
ag iarraidh mé a mhealladh
mar a bhí go minic i mo shaol óg
ach ritheann an t-uisce
ar aghaidh píosa eile
ag dul ó te go fuar

Moilleann sé beagán
agus breathnaím suas
Tá droichead dhórcha os mo
chomhair
Tá an t-uisce anois ina

leac oighir
Ach,
le iarracht ollmhór
Leánn an nóiméad
i mo chloigeann
agus leanann an
abhainn ar aghaidh.

—Edel de Paor

Is as Ros a Mhíl í Edel agus tá an-
suim aici i spórt agus ceol.
Faigheann sí ionspioráid don
scríbhneoireacht ó na daoine agus
na rudaí atá timpeall uirthi. Tá sí
16 bliain d'aois.

Mo Mhamó

Is í mo mhamó mo chara dílis
Ach anois tá sí imithe uaim
Agus ní fheicfidh mé arís í
Ar feadh píosa

Tá a fhios agam go bhfuil sí

Tháinig Ciorcal le chéile seacht n-uair san Earrach ar feadh dhá uair a chloig. Ghlac dáréag duine óg as ceantair éagsúla páirt sa ngrúpa. Chuir siad an-obair isteach, d'fhoghlaim siad go leor ó Ghreg agus óna chéile. Labhair Colmán Ó Raghallaigh leo faoi chúrsaí foilsitheoireachta agus conas scéal a chur le chéile. Thug Ailbhe Nic Giolla Bhríde cuairt orthu agus phléigh sí leo conas script a chruthú.

Seo thíos samplaí dá saothair. Ba mhaith linn ár mbuíochas a ghlacadh le Greg a rinne sár obair leis an ngrúpa agus leis na scríbhneoirí óga féin. Beidh cuid acu ag léamh a gcuid scéalta agus dánta le linn Bricíní ó 5.00 – 6.00 ar an Satharn 9ú Meán Fómhair i Seanscoil Sailearna, Indreabhán.

Beidh Ciorcal ag teacht le chéile arís sa bhFómhar agus má tá suim agat páirt a ghlacadh sa ngrúpa ní gá ach glaoch a chur orainn ag (091) 574 341.

Ina haingeal agus go bhfuil sí
Slán sabháilte le Dia.
Airíonn mé uaim í
Go háirithe laethanta speisialta
Ar nós a breithlá agus aimsir na
Nollag.

Tá a fhios aici nach ndéanfaidh mé
Dearmad go deo uirthi mar go
dtéim
chuig a huaigh gach seachtain
Agus bím ag guidhe chuici.

Mé ag súil
Lena treoir's lena comhairle
Sna laethanta sna blianta
Atá le teacht.

Máire Treasa Ní Dhubháin

An tEarrach

Is aoibhinn liom an tEarrach
Bíonn na bláthanna
Ag fás
Na duilleoga ag fás

Ar ais ar na crainnte

An aimsir bhreá ag teacht
An ceantar plódaithe le stráinséirí
As gach áit den domhan

Is aoibhinn liom an tEarrach
Mar insíonn sé dúinn
Go bhfuil muid ag teacht in aice
Leis an Samhradh.

Máire Treasa Ní Dhubháin

Tá Máire Treasa ina cónaí i
gCruiminne, Leitir Móir agus
taitníonn léi dul ag rothaíocht
agus ag snámh. Is breá léi filíocht
a scríobh. Tá sí 14 bliain d'aois, tá
ceathrar acu sa gclann agus ise an
duine is sine acu.

An Chluain

Sa chluain a chaith muid laethanta
fada
an tSamhraidh
Páistí faoi dhraíocht na sléibhte.
Sa chlapsholas, ag éisteacht le glór
an tsrutháin,
An ghrian ag imeacht, scáil an
ghleanna.

Ach d'imigh na blianta, d'fhás
muid suas,
Ag déanamh dearmad ar an gcluain
rúndiamharach.
Chlúdaigh an raithneach rua glór
an tsrutháin,
Níor stop muid an ollscairtire,
Bungaló ar mhullach an tsléibhe.

Íobairt an ghéilleagair láidir,
Ach Párthas caillte.

Philip Ó Fláthartaigh

Mo Dhair

(In Ómós do Mo Sheanathair)

Bhí sé chomh sean leis an adhmaid
phortaigh,
Thaispeáin a lámha obair chrua na
mblianta,
Chomh daingean le dair mór na
coille,

Ag tabhairt foscadh do gach duine
san chlann.

Chomh crua leis na carraigreacha
ar bhruach an
Atlantaigh,
A chosnaíonn na cuain clochach i
gConamara,
Chomh críonna leis na sean Bhaird
Ghaelacha,
Bhí rian scéalaíochta na
n-aoiseanna ar a ghuth.

Anois níl sé linn níos mó,
Tá na lámha sámh anois,
Ní chloiseann muid na scéalta níos
mó.
Ach lá eile buailfidh muid le chéile
arís,
Áit an tsolais coille na ndair
daingean.

Philip Ó Fláthartaigh

Dorchadas

Titeann sé le drúcht
is scaipeann sé le éirí na gréine,
ach an fhad a bhíonn sé ann
sciobann sé leis an domhan is gach
éinne.

Ach nuair a éiríonn an ghrian
tosáíonn sé ag géilleadh
agus go dtí an chéad oíche eile
bailíonn leis ar shos beag ar
bhealach na bó finne.

Dónall Ó Héalaí

Tá Dónall 13 bliain d'aois, tá
cónaí air in Indreabhán agus is
breá leis iománaíocht agus peil.
Bhain sé féin agus cara leis,
Eoghan Ó Ráinne, amach an
chéad duais i gcomórtas scríopte a
bhí reachtáilte ag Ros na Rún i
mbliana.

An Balbh

Ní dheireann sé tada
Tá glas ar a ghlór
Ach ní ghá dó caint

Mar tá a lámha aige
Nótaí ar an bpianó
Ag léiriú a mhothú
Stopann an ceol
Agus dúnann a bhéal

Dualta Mac Lochlainn

Titim

Titim go scioptha
Mo chéad lá ar scoil
Fágaim slán ag caoineadh

Titim níos scioptha
Mo chéad phóg
Mo chéad ghrá

Titim níos scioptha
Ag cur an fáinne ar a lámh
Breith an linbh

Titim go scioptha
Is feicim an talamh

Dualta Mac Lochlainn

Nuair a bhíonn am saor ag Dualta
bíonn sé ag iománaíocht, ag imirt
sacair, ag léamh nó ag scríobh. Ba
mhaith leis bheith ina irisoir nó
ina fhile théis coláiste. Tá sé 16
agus cónaíonn sé in Indreabhán.

Long Live the King!

Ná siúl in aghaidh na gaoithe, a
Pháidín – Títídh tú.
Ná léigh an leabhar sin a Pháidín –
Millfidh sé thú.
Ná bain díot do chaipín – Feileann
sé thú.
Ná déan é sin a Pháidín – Fan
ciúin
Fan ciúin a Pháidín – Fan ciúin.

Linda Bhreathnach
"An Pocaide Bán"

Mo Chrumpán

Ag suí liom féin cois fharraige
Nóiníní óga ag spraoi leis an
ngaoth chráite

Na réalta ag seoladh spéireacha
agam
Tá mo shúile foscaithe leis na
tonnta.

Tá suaimhneas, aoibhneas, áilleacht
eicint ag titim
Ar mo ghlúine.
Sioscadh na maidine ag fáil níos
airde
Buí agus uaithne, faigheann mo
smaointe níos doimhne
ceol agus torann na farraige
Lúbann sí
Casann sí thart
scaití
Roimh oighriú
Cloch.

*Linda Bhreathnach
"An Pocaide Bán"*

Is as Ros Muc í Linda agus rinne sí
an Ardteist i mbliana. Tá an-suim
aici in aisteoireacht agus i bhfil-
íocht. Tá páirt faighte aici i Ros na
Rún agus feicfear ar an scáileán í sa
bhFómhar. Tá sí 17 bliain d'aois.

Ceap Magaidh

Tráthnóna breá geal 's mé ag siúl
cois na trá
Gan stocaí, gan bróga, gan

Is Mé Atá Ciontach

Bhí deora ag sileadh anuas m'éadan. Rug mé go daingean
ar a lámh, bhí mothú ann ach ba bheagán é. Cheap sí ón
chéad lá a leag sí cois ar an rinc scátála go mbeadh an lá
seo an-speisialta ach anois bhí a cuid smaointe agus
dóchas scriosta.

Is cuimhin liom nuair a tháinig muid go dtí an Astráil
i dtosach. Bhí an fhoireann chomh dóchasach agus a bhí
muid i mbláth ár sláinte, go raibh cailíní scatáil faoi 16
ag dul boinn óir a thabhairt abhaile ag muintir na
hÉireann. Bhí sé samhlaíthe againn in ár gceann go
mbeadh muid sna ceannlínte ag na páipéirí nuachta ar
fad. Rinne muid ceannlínte na nuachta ach is le cúis
thubaisteach é agus tharla an tubaiste sin do Shíle, bocht,
Ní Ghearbháin.



comhluadar fear.
Bhí mé ag leanúint lorg coise nach
raibh ann ach ar éigin
Nuair a bhuail mé le Gréasaí a bhí
smaiseach san éadan.

Lean muid ar aghaidh ag caint gan
stad
'S chuaigh muid Tigh Pheacock leis
an am a chur thart.
Tháinig am dul abhaile ró luath
dom fhéin
Bhí a fhios agam faoin am sin
gurbh é mo shaghas é.

Thug mé m'uimhir dó, bheadh
glaoch uaidh gan
mhoill.
Thug sé póg 's slán abhaile dom 's
d'imigh as mo

radharc.
Tá mé ag fanacht le fada anois, ní
bhfuairas i
dteangmháil liom fós.
Bhí mé ag ceapadh go mbeinn
pósta ach sin ceap nach ndéanfadh
aon bhróg.
Soracha Nic Dhonnchadha

Tá Soracha ag obair i superstore
faoi láthair agus tá súil aici go
mbeidh sí in ann cúrsa
bainistíochta a dhéanamh go
luath. Nuair nach bhfuil sí ag
obair is breá léi éisteacht le ceol,
dul amach ag kayakadóireacht
agus ag imirt spóirt. Tá sí 18
bliain d'aois agus coinneoidh sí
uirthi ag scríobh agus í ag staidéar.

Cuirfidh mé an mhilleán orm féin go deireadh mo
shaoil má tá Síle imithe go deo. Mo chara is fearr, céard
a cheapfadh mo chairde eile díom? Rinne muid geallúint
ach níor chuir mé mo mhuinín i Síle. . . .

"Níl againn ach vitimíní, thug m'athair dom iad, tá a
fhios agat go bhfuil siopa poitigéire aige in Éirinn....ní
thógfadh mé drugaí go deo más é sin atá ag ritheacht i do
chloigeann."

Bá é. Thóg mé an bosca uaithi agus léigh mé é, sea,
dúirt se go soiléir air gur vitimíní a bhí iontu agus tugann
siad spreagadh fuinnimh duit. Thóg mé féin ceann agus
rinne mé uair a chloig iontach traenála ina dhiaidh. Bhí
sé ráite go soiléir ar an mbosca nár cheart níos mó ná dhá
thai bléid a thógáil sa ló, b'fhéidir go raibh sé feicthe
agam féin agus Síle ach roghnaigh muid gan aird a
thabhairt air mar cheap muid go raibh muid iontach

sláintiúil agus bhí an bonn Óir uainn, ní raibh aon rud
ag dul muid a stopadh.

Bhí mise ag tógáil ar a laghad trí cinn sa ló agus bhí
Síle ar an méid céanna ach ar ndóigh bhí sí á dtógáil le
cúpla mí anuas. Choinnigh muid orainn ag traenáil go
dian gach oíche agus vitimíní ag déanamh maitheas an
domhain dúinn, sin a cheap muid.

Ní raibh ach seachtain fágtha go dtí an lá mór agus
muid an neirbhíseach ach ag an am céanna bhí muid ag
tnúth go mór le bonn Óir a thabhairt abhaile go hÉirinn.
An oíche roimhré a chaill mise mo mhuinín i Síle.

Bhí deifir amach uirthi i ndiaidh traenála agus d'fhág
sí a mála ina diaidh. Rith mé amach agus an mála i mo
lámh agam. Chonaic mé í ag tabhairt airgid d'fhear éigin
agus thug sé púdar bán di. Thóg sí an púdar agus chuir
ina póca é.

An chéad smaoineamh a rith liom ná drugaí. Chas sí
timpeall, chaith mé a mála ar an talamh, chas ar mo sháil
agus gan seans aici míniú a thabhairt dom.

Bhí an lá mór tagtha. Bhí cúigear againn ar an
bhfoireann agus muid réidh le scátáil a dhéanamh. Ba
mise an chéad duine amach agus go tobann bhuail
tinneas cinn mé agus thit mé ar chúl mo chinn. Dhúisigh
mé suas agus mé i dtigh an dochtúra. Dúirt sé go raibh
an t-ádh orm mar go raibh anlucht taibléidí tógtha agam.
"Mo chara, Síle", a scread mé. Céard a bhí ag dul a tarlú
di agus púdar bán aici chomh maith? Labhair mé le mo
bhainisteoir agus rinne muid deifir ar ais ag Síle. Nuair a
shroich muid í bhí sé ró-dhéanach. Dochtúirí agus
banaltraí timpeall uirthi agus iad á h-iompar isteach san
otharcharr.

Chuaigh mé isteach in éineacht leí. Bhí sí titithe i
laige ach fuair mé an púdar bán ina póca. Ba cógaisí dá
hathair a bhí ann i gcomhar an phoitigéara in Éirinn. Bhí
an púdar níos saoire san Astráil agus bhí sí á fháil óna
h-uncail. Bhí sé mí-dhleathach an púdar a cheannacht ar
an gcaoi seo, b'shin é an fáth go raibh sí á choimeád faoi
rún.

Bhí mé i mo amadán agus Síle ar leaba a báis.

Tá muid san ospidéal anois agus a lámh fuar. Bhí sí
imithe. Bhí na dochtúirí ró-dhéanach, ní raibh aon duine
in ann a thuilleadh a dhéanamh. Chas siad dó an mheais-
ín agus dúirt siad liom bogadh amach uaidh an leaba.

"Bhí an t-ádh leatsa" a deir siad liom. Ní cheapaimse
gur ádh a bhí liom mar bhí mo chara is fearr imithe go
deo ar an lá a cheap sí go mbeadh éacht déanta aici do
mhuintir na hÉireann.

Máire Treasa Ní Dhubhghaill

Tá roinnt duaiseanna bainte amach ag Máire Treasa i
gcomórtais litríochta an Oireachtais agus Chonradh

na Gaeilge agus bhuaigh sí an chéad duais sa Roinn
Sóisearach de Chomórtais Beir Bua i 1999. Tá suim
aici sa cheol agus san aisteoireacht. Tá sí 15 agus is as
Indreabhán í.

An Domhan Agus a Mháthair Anuas Orm

Stop mé nuair a chonaic mé an doras. Bhí an teach suite
i gcuid an-bhocht den chathair. Bhí fuinneoga briste agus
francaigh gach áit. Chonaic mé páistí óga ag rith timpeall
agus éadaí samhraidh orthu agus muid i lár mí na Nollag.
Ba chosúil nach raibh a naghaidheanna glanta le
seachtain nó dhó.

Shiúil mé suas go doras uimhir a haon. Stop mé sular
bhuail mé cnag ar an doras. Ní raibh mé ag iarraidh é seo
a dhéanamh. Saol clann a scriosadh. Tháinig na deora
chuig mo chuid súile. Rud a bhí tarlaithe míle uair an lá
sin. Bhí fearg orm anois, shocraigh mé liom féin mo
mhothúcháin pearsanta a chur go leath taobh.

Bhuail mé go láidir ar an doras. D'oscail seanbhean é.
Bhí beirt leanaí ina lámh agus iad ag scréachaíl. Níor
dhúirt mé tada. Níor tháinig aon fhocla as mo bhéal.
Chonaic sí mo fheisteas saighdiúra agus an litir i mo
lámh. Thosaigh sí ag analú isteach go sciopaidh. Thit sí ar
an talamh. "Mo mhac, mo mhac, mo mhac bocht." Stop
na gasúir ag gol, go tobann.

Ní raibh mé in ann mo mhothúcháin a choinneáil
siar. Bhí na deora amach agus síos mo leiceann. Dhúin
ceann de na gasúir an doras go mall. Bhí mé fágtha liom
féin ag éisteacht leis an screadaíl. Bhí na deora ag teacht
síos níos rapaidh.

Shiúil mé ar ais go dtí an stáisiún. Ní raibh mé in ann
an pictiúr de na gasúir agus an bhean a ligean amach as
m'intinn. Tháinig me ag mo chéad stop eile. Áit an
difriúil ón áit ina raibh mé. Tithe móra, caranna, páirt
shaibhir den chathair, ach an droch scéal céanna.

D'oscail bean óg an doras. Bhí siad i lár an dinnéir.
"An bhfuil Seán ag teacht abhaile?" Níor lig sí dhom
focal a rá. "Mam, Daid, tá Seán ag teacht abhaile! tá
saighdiúr ag an doras." Rith an bheirt ón tábla. Bhí a
fhios ag an athair díreach céard a tharla. Thug sé an
droch scéal di. Chuir sí a lámh ar a bolg. "Ó mo leabh
bocht." Thosaigh sí ag gol go ciúin. Ní dhúirt an cailín
bocht aon rud liom ach bhreathnaigh sí orm leis na súile
móra.

Ag an nóiméad sin, bhí mé ag iarraidh an rud a thógáil ar ais. Ní raibh mé ag iarraidh an jab seo níos mó. Ní raibh mé in ann mo mhothúcháin a choinneáil istigh. Bhí siad ró-láidir. Ní raibh gá agam mórán a rá mar tá a fhios ag daoine céard a chiallaíonn saighdiúr ag cnagadh ar an doras le píosa pháipéar ina lámh agus deora ina shúile. Mise an siombal den bhás.

Bhí mé míshásta liom féin. Mise ag caoineadh! Mar gheall ar an obair a bhí le déanamh agam. Santach, bhí mé santach, lofa. Ar aon nós, bhí clann breá fós agam, agus na clanna eile fágtha gan a mac, fear chéile ná cara. Cén fáth an raibh mé fágtha leis an obair seo? Ní raibh mé dá iarraidh, ní raibh aon duine ag iarraidh mó scéal a chloisteáil. Beidh an saol níos fearr gan mé. Sea, i bhfad, i bhfad níos fearr. . . .

Séafóid! Ní stopfar an cogadh! Ní bheidh an saol níos fearr ag aon duine, ach níos measa! Bheadh saighdiúr eile i m'áit leis an droch-obair céanna a dhéanamh. Saighdiúr eile ag teacht chuig mo dhoras. Níos measa a bheadh an scéal.

Shiúl mé abhaile agus d'éirigh mé as mo chuid smaointe ráiméiseacha.

Caoimhe Ní Chiardha

Is as An Spidéal í Caoimhe, tá sí 15 bliain d'aois agus ba bhréa léi bheith in a hiriseoir.

An Pota Óir

Bhí mé ar mo bhealach síos chuig an mbúistéar Dé Céadaoin seo caite. Ba é Seán Phat William an búistéar, mac le Pat William na bhFroganna – bhíodh sé ag beathú froganna a bhfuil a fhios a't! Bhí cat ag Seán agus ní raibh air ach trí chois, ach sin anois ag imeacht beagáinín ón bpointe. Ar mo bhealach isteach chas mé leis an sagart beannaithe, bhí sé díreach ar a bhealach go dtí an halla paróiste chun an halla a réiteach le haghaidh na hoíche. D'fhiafraigh sé díom a mbeinn faoi réir níos déanaí chun cúnamh a thabhairt do Mhicilín Bob Johnny leis an taisceán mar go raibh sé tonna meáchain. Dúradsa leis go gcasfainn leis tar éis dhom an dab stéic, a bhí mé ar tí a cheannacht, a chaitheamh sa chuisneoir sa bhaile.

Ní mórán de chomhrá a bhí agam le Seán ach mé ar mo bhealach amach an doras chuala mé stropa mór fada focla nach bhfeicfeá in aon Bhíobla agus é ag clamhsán ar Flopaí. Bhreathnaigh mé thar an gcuntar go bhfeicfinn céard a bhí suas. Bhí Micilín thíos ar a ghogaide ag

glanadh gnó an chait a bhí ina phlábar ar an urlár. B'shin é an uair a chonaic mé an rud ab iontaigh a chonaic mé le fada an lá. Léim an cat suas ar an gcuntar – áit a raibh an nóta chúig phunt a thug mé do Sheán agus bhain sé sclamh mhór as. B'ansin a cheap mé go raibh sé in am agamsa a bheith a' bualadh bóthair.

Bhuail mé leis an sagart ag thart ar a dó a chlog an lá sin sa halla. Bhí an halla maisithe go hálainn le balúin agus gach sórt maisiúchán eile ag Mrs McCarthy, cúntóir Fr Riordan. Ba bean bheag gnóthach í Mrs McCarthy. Chaitheadh sí an lá ag glanadh. Ba mhinic agus mé istigh ag Fr Riordan, le haghaidh blogam fuisce, agus bhíodh sí féin ag guairdeal thart ar nós cearc a bheadh ar gor agus ba mhinic a tharla sé dom go gcuirfeadh sí i mo sheasamh mé le glanadh faoi mo thóin! Ta mise ag rá leat dá mbeadh Seán Phat William faoina srón aici agus an caper a bhí ar maidin air go gearr go mbeadh an cloigeann bainte dhó aici!

Ní raibh muid i bhfad inár seasamh thart ag tabhairt suntais d'obair Mhrs Mc Carthy nuair a leandáil Seán Phat William – agus an cat ina dhiaidh – agus Micilín Bob Johnny leis an taisceán ar chúl an tarracóra acu. Níl 'fhios agamsa cén fath a raibh mise tarraingthe isteach sa bpictiúr mar ba mhasla do Mhicilín go mbeadh aon duine ag tabhairt cúnamh dó mar go raibh sé chomh láidir le eilifint ach nach raibh mórán idir na cluasa ag an bhfear bocht! Chroch muid an taisceán isteach sa halla – bhuel d'fhéadfá a rá gur chroch Micilín é agus stiúraigh mise é. Shocraíomar ar an stáitse é agus bhí chuile rud réidh anois ach an t-airgead a chur ann agus ba ag an sagart a bhí é sin a dhéanamh.

Ba £1000 a bhí sa bpota óir an mhí seo, bhí sé chomh hard sin an mhí seo toisc go raibh sé "socraithe" ag an sagart nach ngnóthadh aon duine go dtí go mbeadh pingin mhaith sa phota mar dá mhéid airgid a bheadh sa phota ba mhó an slua a bheadh sa halla. Tharlaíodh sé seo chuile mhí ach ní mórán suantais a thugtaí dó. Bhí an sagart chun fanacht thart ar an halla os rud é go raibh sé ina chónaí in aice láimhe agus freisin b'é an t-aon duine é a raibh eochair an taisceáin aige.

Bhuail mé liom suas abhaile chun mo chuid éadaí a athrú agus plaic a ithe. Bhí mé in an-chaoi gan mo chuid éadaí athraithe agam le trí seachtaine agus bhí airde salachair ar mo chuid *long johns*. Chaith mé síos an píosa de bhó a bhí ceannaithe agam ní ba thúisce sa lá agus thosaigh mé ag caitheadh díom agus ag sciúradh an chruach móna a bhí bailithe ar mo chosa agus idir mo chuid ordóga. Faoin am go raibh an gnó sin curtha díom agam bhí an stéic greamaithe go maith den phan. Chaith mé siar blogam pórtair, an méid den stéic is a bhí mé in ann a scríobadh den phan agus cupla fata – nár thóg achar ar bith ag róstadh, cuid mhaith den chúis a bhí leis

sin cheapainn ná nach mba léir duit do lámh sa chúl chistin le deatach ón stéic!!

Ní raibh mé i bhfad ag bailiú liom síos an bóthar ar mo rothar agus shroich mé an halla ag tarraingt ar a seacht a chlog. Bhí leathuair mhaith le spárail agam sula dtosódh an t-ullmhúchán ceart don Bhingo, mar sin isteach liom go dtí 'An Fód Móna' le mé féin a dhúiseacht suas taréis an folcadh. Ní raibh mé i bhfad ag cailleadh *track* ar an am ná ag caitheadh mo chuid airgid ach oiread! Chroch mé mo chloigeann thar dheich ghloine pionta folamh agus dhírigh i dtreo an chloig, bhí sé ceathrú chun a naoi!

Amach liom lasta an doras agus trasna an bhóthair go dtí an halla. Bhí 'fhios agam go mbeadh an sagart ag breith fishíní faoi seo mar sin thosaigh mé ag cumadh leithscéil i mo chloigeann.

Shiúil mé isteach sa halla áit a raibh rí rá agus rúille búiille de shaghas éigin ar siúl. D'fhiafraigh mé do Mharcus Willy, a bhí ar *senry* ag an doras, céard a bhí ag tarlú. Dúirt sé liom go raibh *full house* faighte ag Nan Nóra Nainín Nan as Baile na mBromachaí ach nach raibh *sight* ná *light* ar aon airgead.

Rith mé suas agus rinne mé poc léim suas ar an stáitse, is beag fear a bheadh in ann é sin a dhéanamh ag chúig bliana agus cheithre scóir ach is iontach an rud é an t-ól ina dhiaidh sin féin!! Is minic a dúirt mé dá

mbeadh cead óil agus tiomána siúrálte go mbeadh daoine in ann carranna a chur ag eitilt, ach sin mise ag rámhailtí orm faoi rud nach bhfuil baint ná páirt aige leis an scéal atá á inseacht agam. Chuaigh mé díreach go dtí an sagart chun mo leithscéal a ghabháil agus mé ag dul ag rá leis go raibh mé ag déanamh Turas na Croise ach ní ar mo scéal a bhí aird aige agus thosaigh air ag inseacht dom céard a tharla.

D'fhág sé an halla chun dul amach ag a theach le haghaidh blogam tae thart ar a seacht a chlog. Nuair a d'fhill sé bhí doras an taisceáin oscailte agus cosán puitigh ar an urlár amach go dtí an doras ar chúl an stáitse. Mar gheall ar na blianta a bhí caite agam féin sna Gardaí mar bhleachtair bhí cleachtadh mhaith agam ar chásanna den t-sórt seo agus mar sin fágadh fúmsa é an robálaí a thabhairt chun solais.

Bheadh orm é nó í aimsiú le cúnamh próiseas a dhíbeartha. Ní raibh 'fhios ach ag cúigear againn faoi shuíomh an taisceáin – Mé féin, Fr Riordan, Mrs McCarthy, Micilín Bob Johnny agus Seán Phat William. Thosaigh mé liom féin – ní fhéadfaínnse an t-airgead a ghoid mar go raibh mé ó dheas ag 'An bhFód Móna' mar sin d'fhág sé sin ceathrar. Ba é an sagart an chéad duine eile ar mo liosta. Bhí sórt comhartha ceiste le cur in aice a ainm siúd. Ar dtús níor cheap mé go ngoidfeadh sé aon rud mar shílfeá nach ndéanadh sagart beannaithe aon

ÓSTÁN NA CEATHRÚN RUA

AN CHEATHRÚ RUA
CO. NA GAILLIMHE

Go n-éirí go geal leis an bPléaráca



Tigh Mhic Dhonnchadha

Béal an Daingin
091-572126

GRÓSAER • AN POST

Gach dea ghuí don Fhéile

an seol mór

CARNA, CO NA GAILLIMHE

ceol breá, beoir, beatha
agus fáilte mhór

FÓN: 095-32253 FÓN PÓCA: 087-2376143
Úinéir: BILLY LYONS



T. Ó Máille Teo

Ros Muc 091-574101

Grósaer, Crua-earraí,
Soláthraí Tógálaithe
Éadathóireacht

rud dá shórt. Ach ina dhiaidh sin fhéin, b'aigesan amháin a bhí eochair an taisceáin.

Ba í Mrs McCarthy an chéad duine eile ar mo liosta de fhéidireachtaí! Ach an soicind a chonaic mé an cosán puitigh ar an urlár scrios mé den liosta ar an bpointe í. Ansin bhí Micilín nach raibh ró-smartáilte ar chor ar bith an créatúr, agus mar sin ní bheadh an t-intleacht ná an fhoighid aige chun a bheith ag smaoineamh ar aon phlean chun an t-airgead a ghoid.

Chuamar isteach go dtí teach an t-sagairt chun ár dteanga a fhliuchadh mar faoin am seo bhí na Gardaí tagtha ar an láthair agus iad féin ag cuartú thart ar an suíomh! Ní raibh ach boladh an deoch faighte agam nuair a buaileadh cnag ar an doras. Stumpa de Bhangharda a bhí ann leis an scéal gur fritheadh marcanna taobh istigh sa ghlas amhail is dá mbeadh sé scríobtha le biorán de shaghas éigin. Ghlan sé sin

Micilín den liosta láithreach mar theastódh beagán d'inchinn ó dhuine chun cuimhniú ar phlean mar sin. Ansin scrios mé an sagart den liosta mar líon sé mo ghloine arís agus ar aon chuma nach raibh eochair aige siúd agus cén fath a n-úsáideadh sé biorán? Níor fhág sé sin ach Seán Phat William. Bhí sé siúd amuigh ag cuartú a chat – Flopaí – nach bhfacthas le trí uair a' chloig. Bhí Willy Wally Wonderful, fear an tsorcais, in ann fianaise a thabhairt ar sin ós rud é go raibh sé ina theannta. Ba ó Willy Wally a cheannaigh Seán Phat William, Flopaí an chéad lá riamh.

Bhí an scéal seo ag éirí an-chasta ar fad! Ní mise, ná an sagart, ná Mrs Mc Carthy, ná Micilín Bob Johnny ná Seán Phat William a thóg an t-airgead rud a d'fhág an cheist seo fós le freagairt – Cé a thóg an t-airgead? Go tobann bhuail an smaoineamh mé – bhí pearsa eile i láthair nár smaoineamh aon duine

air, pearsan a raibh an-dúil aige san airgead agus nach raibh tásca ná tuairisc air ó thráthnóna – Flopaí an cat. Bhí sé chomh glan leis an gcristal anois. Bhí sé soiléir gur tháinig ocras air agus go bhfaca sé go mbeadh sé in ann béile breá a bheith aige ach an taisceán a oscailt. Nuair nach bhfaca sé aon duine thart d'oscail sé an glas lena chuid crúba, d'ith sé an t-airgead, rinne a ghnó ar an urlár agus thréapsáil ar fud an stáitse é agus amach go dtí an doras cúil! Nach deacair a rá anois nach bhfuil brains ag cait!!

Mícheál Ó Dubhghaill

Tá a lán duaiseanna bainte amach ag Mícheál i gcomórtais litríochta an Oireachtais agus Chonradh na Gaeilge. Chomh maith leis an scríbhneoireacht, tá suim an-mhór aige sa cheol agus sa drámaíocht. Chaith sé an Samhradh i Chicago ag casadh ceoil.

ÓSTÁN AN DÓILÍN

AN CHEATHRÚ RUA 091-595177/595169

*Rogha an Óil
Togha an Cheoil*

*Oscailte ar feadh na bliana
Ceol gach deireadh seachtaine*

*Déanfar freastal ar gach cineál
ócáid, cóisir nó bainis*

Go n-éirí go geal leis an bPléaráca

BOLUISCE

BIALANN • BIA NA MARA
(091) 553286



An Spidéal, Conamara

Saotharlann Chonamara

(T/A Connemara Laboratory Services)
Ros Muc, Co. na Gaillimhe
Teil: 091-574355
Faics: 091-574356

*Déanann an saotharlann anailís ar bhia,
uisce agus eiseilteach*

Traenáil agus Taighde

SÚIL EILE

DRÁMA, SPÓRT, NUACHT
FAISNÉIS, CRAIC AGUS CEOL

BHUR SCÉALTA
BHUR STÁISIÚN
BÍGÍ LINN



SÚIL EILE

Forbairt na Gaeltachta... *...forbairt na Gaillimhe*

- Tionscail
- Naionraí
- Clubanna Óige
- Scéimanna Forbartha
- Pobail
- Printísigh
- Scoláireachtaí
- Seirbhísí Teanga
- Féiltí Áitiúla
- Feirmeoireacht & próiseáil éisc
- Tograí closamhairc & teilifíse

Forbairt chultúrtha, shóisialta agus thionsclaíoch na Gaeltachta - sin é cúram Údarás na Gaeltachta

Tá páirt duitse san obair thábhachtach seo!



Údarás na Gaeltachta

Na Forbacha, Gaillimh. Teil: (091) 503100 Facs: (091) 503101
ríomhphost: eolas@udaras.ie <http://www.udaras.ie>

